

Tuarascáil Bhliantúil an CSI 2013



Focal leis an gCoimisinéir	3
1 An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid	5
1.1 Bunús agus ról an Choimisiúin Sábháilteachta Iarnróid	5
1.2 An Struchtúr agus an Eagraíocht	5
1.2.1 Easnamh Scileanna	6
1.2.2 Bearta le Rioscaí a Mhaolú	6
1.2.3 Riosca do Leanúnachas an Ghnó	6
1.2.4 Forbairt Ghairmiúil	7
1.3 An tAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid	7
2 Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna	8
2.1 Measúnacht ar an gComhréireacht agus Údarú le Cur i mbun Seirbhíse	8
2.1.1 Córais Bhainistíochta Sábháilteachta (CBS)	8
2.1.2 Údarú le Cur i mbun Seirbhíse	8
2.1.3 Treoirilínte	8
2.1.4 Tiománaithe Traenach a Dheimhniú	9
2.2 Comhlíonadh, Maoirseacht & Forfheidhmiú	9
2.2.1 Iniúcháireacht ar an gComhréireacht (Maoirseacht Réamhghníomhach)	9
2.2.2 Scrúduithe Tar Éis Eachtraí Tromchúiseacha (Maoirseacht Fhrithghníomhach)	10
2.2.3 Monatóireacht ar Shaincheisteanna Teicniúla	11
2.2.4 Cigireacht	11
2.2.5 Cruinnithe Maoirseachta	12
2.2.6 Buairimh an Tionscail	12
2.2.7 Uirill ón bpobal	12
2.2.8 Gníomhaíocht forfheidhmiúcháin	13
2.3 Reachtaíocht a Chomhchuíbhiú le Treoracha & Rialacháin ón Eoraip	13
2.4 Pointí a dTeagmhaíonn Bóithre agus Iarnróid le chéile	13
3 Measúnacht ar Fheidhmíocht Shealbhóir an Dualgais ó thaobh na Sábháilteachta de	14
3.1 Réamhrá	14
3.2 Líonra Iarnród Éireann	14
3.3 LUAS	14
3.4 Córais Thionsclaíocha	15
3.5 Iarnróid Oidhreachta	15
4 Rialachas Corparáideach agus Riarachán	16
4.1 Réamhrá	16
4.2 Cúrsaí Airgeadais	16
4.3 Ráiteas faoin gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais	16
4.3.1 Próisis maidir le Cúrsaí Airgeadais a Rialú	16
4.3.2 Dualgais Chánach a Chomhlíonadh	17
4.3.3 Taisteal agus speansais	17
4.4 Tiomantas don Ghaeilge	17
4.5 Saoráil Faisnéise	17
4.6 Cairt Chustaiméirí	17
4.7 Bainistíocht Rioscaí	17
4.8 Cód um Eitic agus Iompar Gnó	17
4.9 Ráiteas Straitéise 2012-2014	17
4.10 Suíomh Idirlín	17
5 Ag Breathnú Amach Romhainn	18
Aguisín 1: Staitisticí Iarnród Éireann maidir le Cúrsaí Oibriúcháin agus Bonneagair 2003-2013	19
Aguisín 2: Eachtraí agus Gortuithe ar Iarnród Éireann 2003-2013	20
Aguisín 3: Staitisticí LUAS	22
Aguisín 4: Ceaduithe arna ndeonú ag an CSI in 2013	23
Aguisín 5: Súil ar an bhFuinneamh a Úsáideadh in 2013	24

De réir Alt 28(3) den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005, tá ceangal ar an gCoimisiún Sábháilteachta Iarnróid (CSI) tuarascáil bhliantúil a chur i láthair an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Is í seo an tuarascáil bhliantúil do bhliain 2013 agus, le cois faisnéis a sholáthar faoi ghníomhaíochtaí, riarachán agus rialachas an CSI; soláthraítear sa tuarascáil sonraí staitistiúla maidir leis an mbealach a d'fheidhmigh na heagraíochtaí éagsúla iarnróid in Éirinn ó thaobh na sábháilteachta de i rith na bliana ar a bhfuil súil á caitheamh.

Leanann an CSI ar aghaidh le bheith rannpháirteach, i gcuideachta Udaráis Náisiúnta Sábháilteachta Bhallstáit eile an Aontais Eorpaigh, san obair leanúnach le creat rialála sábháilteachta iarnróid na hEorpa a fhorbairt agus a chur i ngníomh. I rith 2013 sholáthair an CSI comhairle theicniúil don Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt (RITS) maidir le Treoracha ón Eoraip a thrasúiomh i ndlíthe náisiúnta. Lena chois sin, i rith Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach i rith 2013, sholáthair an CSI tacaíocht theicniúil do Bhuanionadaíocht na hÉireann don AE maidir le forbairt na bhfeabhsuithe atáthar ag beartú a dhéanamh ar rialáil an iompair iarnróid san Aontas Eorpach, dá ngairtear an 4ú Pacáiste Iarnróid.

Tugtar sainordú le Rialacháin an AE maidir leis an mbealach a bhfuil monatóireacht le déanamh ar Bhainisteoirí Bonneagair iarnróid agus ar Ghnóthais Iarnróid lena chinntiú go gcuireann siad a gcuid Córas Bainistíochta Sábháilteachta faoi seach i ngníomh agus go gcloíonn siad leo. Le réimeas iniúchóireachta agus cigireachta an RSC, cinntítear go ndéantar maoirseacht ar a mhéad a chloíonn sealbhóirí dualgas lena gCóras Bainistíochta Sábháilteachta faoi seach, de réir an chomh-mhodha sábháilteachta a shonraítear i Rialachán Uimh. 1077/2012 (AE) an Choimisiúin. Tá ráiteas soiléir in uasdátú a thug an CSI don RITS i mí Aibreáin 2013 ar an Straitéis Phleanála dá chuid dá Fhórsa Oibre faoin saineolas teicniúil atá riachtanach leis na tascanna a fheidhmiú a thagann chun cinn ó na feidhmeanna a thugtar de shainordú dlítheiúil dó leis an tsábháilteacht iarnróid a rialáil. Tá maolú ón gCreat um Rialú Fostaíochta agus ón lánchosc ar earcaíocht san earnáil phoiblí le daingniú fós áfach. Mar sin, níorbh fhéidir líon na ndaoine inniúil a bhí riachtanach a fhosú, ar bhonn buan, i rith 2013 le leanúnachas gnó a chinntiú. Sonraíodh an t-easnamh seo mar shaincheist shuntasach san iniúchóireacht leantach a rinne an Gníomhaireacht Eorpach Iarnróid ar an CSI ina dhiaidh sa ráithe deiridh de 2013.

Míníodh na bearta atá curtha i ngníomh ag an CSI leis an riosca leanúnach suntasach seo dá chumas corparáideach lena dhualgas rialála a chomhlíonadh go mion sa Tuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2012. Lean na hinnealtóirí iarchéime a fuair an CSI ar iasacht ó Engineers Ireland in 2011 agus 2012 ar aghaidh le bheith ag cur lena n-eolas agus lena dtaithí,

agus chuir seo ar chumas an CSI, tuilleadh laghdaithe a dhéanamh ar a mhéad a bhítear ag brath ar shaineolaithe seachtracha costasacha leis na príomhghníomhaíochtaí a fheidhmiú.

Fuair an CSI beirt chéimí innealtóireachta bhreise ar iasacht ó Engineers Ireland i mí Eanáir 2013, rud a thugann neart na foirne suas chuig an líon atá riachtanach, ach ní chuirfear an clár oiliúna agus forbartha do chéimithe i gcrích go hiomlán go dtí deireadh an tríú ráithe, 2016. Tá an CSI cos ar chois lena sprioc áfach lena chuid riachtanais ar thacaíocht sheachtrach a laghdú go leibhéil inbhuanaithe sa leath deiridh de 2015 ar an gcoinníoll gur féidir comhaontú a bhaint amach maidir leis an saineolas gairmiúil ar iarnróid, atá forbartha le freastal ar shainriachtanais ghnó an CSI, a choinneáil ar bhonn fadtéarmach.

I mí an Mhárta 2013, rachaidh an maolú atá i bhfeidhm d'Éirinn faoi láthair maidir le bonneagar iarnróid agus gníomhaíochtaí oibriúcháin traenacha a dhealú ó chéile, in éag. Maidir le hobair lenar cuireadh tús in 2012 chun Iarnród Éireann a atheagrú le bheith ina rannáin gnó ar leithligh, mar atá, Bainisteoir Bonneagair agus Gnóthais Iarnróid, chun ceanglais ón AE a chomhlíonadh, cuireadh an obair sin i gcrích sa chéad ráithe de 2013. Tugadh faoin athrú suntasach sin ar chúrsaí eagrúcháin chun rialuithe Iarnród Éireann um bainistíocht athruithe inmheánacha a chomhlíonadh agus rinne an próiseas ar fad a bhailíochtú go neamhspleách ó thaobh cúrsaí sábháilteachta.

D'fhág an an t-atheagrú inmheánach ar Iarnród Éireann ina rannáin ghnó ar leithligh gurbh éigean Córas Bainistíochta Sábháilteachta (CBS) aonair a fhorbairt agus a chur i ngníomh do gach rannán; rud a bhí ina chéim thábhachtach den obair leis an tionscadal seo a chomhlíonadh go rathúil. Cuireadh an obair i gcrích i rith an chéad ráithe de 2013 ó thaobh na measúnachta ar chomhréireacht gach CBS; dearbhaíodh go raibh ceanglais á gcomhlíonadh trí údarú ó thaobh na sábháilteachta de a bhronnadh ar Bhainisteoir Ghnó Bhoneagair IÉ agus deimhnithe ó thaobh na sábháilteachta a bheith á n-eisiúint ag an CSI ar ghnó Ghnóthas Iarnróid IÉ. Ó thaobh na réimsí a leagadh amach i dTuarascáil Bhliantúil 2012 mar na réimsí ar a ndíreofaí fócas ar leith i rith 2013, tá an CSI tar éis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh mar seo a leanas:

- Tacaíocht theicniúil leanúnach don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (RITS) maidir le reachtaíocht um shábháilteacht iarnróid a leasú lena chinntiú go gcomhlíonfar treoracha ón AE
- Shínigh an tAire I.R. Uimh.444 de 2013, Rialacháin ón Aontas Eorpach (Sábháilteacht Iarnróid), le bheith éifeachtach an 25ú Samhain 2013
- Scileanna gairmiúla ag innealtóirí iarchéime á bhforbairt go leanúnach chun aon easnamh maidir le sainacmhainní

Focail leis an gComisinéir

- teicniúla daonna a sheachaint i gcás go bhféadfaidís bac a chur ar an CSI lena chuid oibleagáidí don AE agus faoi reachtaíocht náisiúnta a chomhlíonadh:
- o Tháinig laghdú ar an spleáchas ar shainchomhairleoirí fíorchostasacha le tabhairt faoi phríomhghníomhaíochtaí de bharr fáis ar eolas agus ar thaithí na gcéimithe a fuarthas ar iasacht don CSI i mí Mheáin Fómhair 2011 agus mí Mheitheamh 2012;
 - o beirt innealtóirí iarchéime eile tugtha ar iasacht don CSI ag Engineers Ireland i mí Eanáir 2013
 - Cur i gcrích na measúnachta ar chomhréireacht chórais bhainistíochta sábháilteachta (CBS) rannáin ghnó ar leithligh de chuid Iarnród Éireann, mar atá, Bainisteoir Bonneagair agus Gnóthas Iarnróid:
 - o Deonaíodh Udarú Sábháilteachta ar Bhainisteoir Bonneagair IÉ agus Deimhniú Sábháilteachta ar Ghnóthas Iarnróid IÉ an 22ú Márta 2013
 - Idirghníomhaíocht leis an nGníomhaireacht um Fháil Iarnróid sa mheasúnacht ar na hoibreacha nua do shíneadh Traschathrach an LUAS:
 - o Cuireadh tús le próiseas forbartha na bparaméadar d'údarú sábháilteachta an tionscadail iarnróid éadroim in 2013, agus tá treoircháipeisí le tabhairt cothrom le dáta dá réir i rith an chéad agus an dara ráithe de 2014
 - Síneadh a chur le prionsabail an chórais bhainistíochta sábháilteachta (CBS) go gcuimseofar na hiarnróid oidhreacht féinchoinnithe d'fhonn an mhaoirseacht ar chúrsaí sábháilteachta do na hiarnróid sin a fheabhsú:
 - o Reachtáladh ceardlann aonlae an 20ú Eanáir 2013 go dtabharfar faisnéis riachtanach do na heagraíochtaí iarnróid oidhreacht ar fad maidir leis na ceanglais le CBS inghlactha a fhorbairt a chomhlíonfaidh na treoirlínte athbhreithnithe atá foilsithe ag an CSI, mar choinníoll roimh ré go bhfaighfear deimhniú sábháilteachta.
 - o Tá iarnróid oidhreacht i mbun an phróisis lena gcuid CBSanna faoi seach a fhorbairt agus samhlaithe go gcuirfear obair an Deimhnithe Sábháilteachta i gcrích sa chéad ráithe de 2014, in am le haghaidh tús a seasúir oibriúcháin in 2014.
 - Obair leanúnach ar reachtaíocht agus rialacha teicniúla um shábháilteacht agus idir-inoibritheacht iarnróid d'fhonn go mbeidh gach rud go huile is go hiomlán de réir Treoracha ón AE:
 - o Soláthraíodh tacaíocht theicniúil leanúnach do RITS agus do pháirtithe leasmhara maidir le dréachtú na Rialachán ón gComhphobal Eorpach (Bonneagair Iarnróid): tá sé socraithe iad a chur i gcrích sa chéad ráithe de 2014.
 - An AITI a dhealú ón CSI ó thaobh an dlí de sa chaoi go gcomhlíonfar ceanglais an AE go hiomlán:
 - o Chuir an CSI tráchtánótaí isteach i mí na Nollag 2013 maidir le dréacht-Rialacháin ón Aontas Eorpach (Imscrúdú Tionóiscí agus Eachtraí Iarnróid) a scaip RITS d'fhonn go gcuirfear dealú na bhfeidhmeanna i ngníomh faoi dheireadh an chéad ráithe, 2014.
 - Próisis agus nósanna imeachta a fhorbairt go leanúnach de réir cheanglais ISO 17020 go mbeidh ar chumas an CSI creidiúnú a bhaint amach.
 - o Cuireadh gníomhartha ceartaitheacha, arbh éigean chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí a tháinig chun cinn ó thrasiniúcháireacht ar an CSI ag an nGníomhaireacht Eorpach Iarnróid (ERA), i ngníomh i rith 2013. Rinne an ERA athbhreithniú ar an dul chun cinn in iniúcháireacht leanúna ina dhiaidh a rinneadh sa cheathrú ráithe de 2013, agus fuarthas torthaí dearfacha dá bharr.

Maidir le sábháilteacht bhonneagair Iarnróid Éireann, tuairiscíodh aon eachtraí déag maidir le sciarradh talún agus titim chlocha a chuaigh i bhfeidhm ar fheidhmiú na líneach iarnróid i gcomhair na bliana 2013, líon cuid mhaith níos airde ná na ceithre eachtra cosúil leo a tuairiscíodh don bhliain roimhe. Tá seo tar éis cur leis an leibhéal imní ata ann maidir le tionchar na n-eachtraí aimsire neamhghnácha ar an mbonneagair iarnróid, agus leanfaidh an CSI ar aghaidh le bheith ag leanúint le cur i ngníomh na moltaí a rinneadh d'IÉ de thoradh na hiniúcháireachta a rinneadh i mí an Mhárta 2011 ar ghearrtháin agus ar chlaíofair iarnróid.

Maidir le feidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta in oibríochtaí traenach Iarnród Éireann, bhí tionchar aimhleasach ag méadú suntasach ar líon na gcomharthaí contúirte a ndeachthas tharstu ar línte reatha; suas ó ocht n-eachtra sa bhliain roimhe go hocht n-eachtra déag in 2013. Cé gur údar imní an treocht sin, caithfear a aithint áfach nach bhfuil Cosaint Traenach Uathoibríoch (ATP) ar fáil ach ar 99 ciliméadar de rianta (4.6%) líonra Iarnród Éireann. Tá Córas Rabhaidh Uathoibríoch Leanúnach (CAWS) ar 900 ciliméadar eile de rianta an líonra (41.6%), ach níl aon chineál córais rabhaidh do thiománaithe nó ATP ar an 1,666 ciliméadar eile de rianta an líonra fós (53.8%).



Agus na nithe ba chúis leis na tionóiscí marfacha traenach a tharla ag Santiago de Compostela, sa Spáinn (24ú Iúil 2013), agus sa Bronx, Nua Eabhrac, sna Stáit Aontaithe (2ú Nollaig 2013) á gcoinneáil in aigne againn, agus an fhric go mbraitheann oibriú sábháilte na dtraenacha ar bhreis is 50% de chiliméadair traenach IÉ go mór ar thiománaithe traenach a bheith ag cloí go docht le comharthaí iarnróid; déanfaidh an CSI athbhreithniú i rith 2014 ar na rioscaí a bhaineann le córais chomharthaíochta agus theileachumarsáide reatha IÉ. Beidh sé d'aidhm leis an athbhreithniú seo go n-aithneofar na réimsí sin mar a bhfuil gá le bearta le rioscaí a laghdú, cosúil le ATP a shuiteáil, rud a threoríodh an bealach a thabharfar tús áite d'infheistíocht i sábháilteacht chórais iarnróid na hÉireann amach anseo.

Go luath i mí an Mhárta 2012, choimisiúnaigh an CSI sainchomhairleoirí neamhspleácha le hathbhreithniú a dhéanamh ar chúinsí a d'fhéadfadh bac a chur ar fhaisnéis atá rithabhachtach don tsábháilteacht a bheith á sonrú go luath le linn imscrúdú ar thionóisc nó eachtra. Cuireadh an t-athbhreithniú sin i gcrích faoi dheireadh i mí na Nollag 2013, agus cheap an CSI cathaoirleach neamhspleách ansin le maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas leis na moltaí a rinneadh ina dtuairisc a chur i ngníomh.

Mar chonclúid, is cuí buíochas a ghabháil le gach duine ar fhoireann an CSI as a dtiomantas agus as an tacaíocht a thug siad agus muid ag comhlíonadh ár ndualgas reachtúil i rith 2013, rud a chuir ar chumas an CSI a mhisean "Sábháilteacht na n-Iarnróid in Éirinn a thabhairt ar aghaidh trí mhaoirseacht agus forfheidhmiúchán díograiseach" a chomhlíonadh.

G Beesley

Gerald Beesley
Coimisinéir Sábháilteachta Iarnróid
Márta 2014

1 An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid



1.1 Bunadh agus ról an Choimisiúin Sábháilteachta Iarnróid

Bunaíodh an Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid (CSI) an 1ú Eanáir 2006 go foirmiúil de réir cheanglais an Achta um Shábháilteacht Iarnróid (ASI) 2005, agus is é an tUdarás Inniúil é don obair seo a leanas:

- o Maoirseacht a dhéanamh ar shábháilteacht eagraíochtaí iarnróid chun Treoir 2004/49/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 1177/2012 a chomhlíonadh;
- o Measúnacht ar Chomhréireacht na gCóras Bainistíochta Sábháilteachta agus Bainisteoirí Bonneagair a údarú ó thaobh na sábháilteachta de agus Gnóthais Iarnróid a dheimhniú ó thaobh na sábháilteachta de chun Treoir 2004/49/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 1158/2010 agus (AE) Uimh. 1169/2010 a chomhlíonadh;
- o Fochórais struchtúracha nua agus feithiclí nua, nó cinn atá athraithe go suntasach, a mheasúnú ó thaobh na sábháilteachta de chun Treoir 2008/57/CE a chomhlíonadh;
- o Aonáin a bhfuil Dualgas Cothabhála orthu a Dheimhniú, chun Rialachán (AE) Uimh. 445/2011 a chomhlíonadh;
- o Tiománaithe traenach a dheimhniú chun Treoir 2007/59/CE a chomhlíonadh;
- o Comhairleoirí a dheimhniú chun earraí contúirteacha a iompar ar iarnróid chun I.R. 651 de 2010 a chomhlíonadh;
- o Cábla-bhealaí a údarú chun I.R. 470 de 2003 (arna leasú le I.R. 766 de 2007) a chomhlíonadh;
- o An creat rialála iarnróid a fhorbairt de réir Threoir 2004/49/CE; agus
- o Bearta forfheidhmiúcháin a fheidhmiú de réir Chuid 7 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005.

I gcomhthéacs na Treorach ón Eoraip maidir le Sábháilteacht Iarnróid (Treoir 2004/49/CE), is é an CSI an tUdarás Náisiúnta Sábháilteachta don earnáil iarnróid i bPoblacht na hÉireann. Mar an ghníomhaireacht rialála neamhspleách ar a bhfuil sé curtha de dhualgas maoirseacht a dhéanamh ar shábháilteacht na ngníomhaíochtaí iarnróid ar fad sa Stát, ceanglaítear ar an CSI a chinntiú go dtuigeann agus go mbainistíonn gach eagraíocht iarnróid a fheidhmíonn sa Stát an riosca ó thaobh na sábháilteachta a bhaineann lena cuid oibriúcháin go héifeachtach. Baintear é sin amach ar thrí bhealach, viz.:

Measúnacht ar an gComhréireacht - Córais Bhainistíochta Sábháilteachta (CBS) a Mheasúnú lena chinntiú go gcomhlíonann siad gach ceanglas sula mbronnfar údarú ó thaobh na sábháilteachta de nó deimhnithe sábháilteachta, agus bonneagar nua iarnróid agus rothstoc nua a mheasúnú lena chinntiú go gcomhlíonfar ceanglais maidir leis an tsábháilteacht sula gcuirfear seirbhís i bhfeidhm. Maoirseacht ar Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú - Iniúchóireacht a dhéanamh ar an mbealach a chomhlíontar na nósanna imeachta agus na caighdeáin arna bhforordú i ngach CBS dá gceadaítear, agus cigireacht a dhéanamh ar

shócmhainní iarnróid le measúnú an bhfuil critéir, maidir lena oiriúnaí atá siad dá gcuspóir, á gcomhlíonadh. Dearbhaítear go bhfuil moltaí ó thaobh na sábháilteachta de á gcomhlíonadh trí mhonatóireacht a dhéanamh ar phleananna leis na moltaí sin a chur i ngníomh agus trí imeachtaí forfheidhmiúcháin a thionscnamh i gcás gur gá; agus

Reachtaíocht a Chomhchuíbhíú le Teoracha & Rialacháin ón Eoraip - Ag tacú le reachtaíocht a chomhchuíbhíú le Teoracha agus Rialacháin ón Eoraip, agus ag cinntiú go mbeidh an bealach, ina chuirfear bearta gaolmhara teicniúla agus bearta gaolmhara maidir le nósanna imeachta i ngníomh dá bhrí, ag teacht le ceanglais éigeantacha Eorpacha.

1.2 Struchtúr agus an Eagraíocht

Saineagraíocht bheag theicniúil is ea an CSI atá comhdhéanta d'innealtóirí gairmiúla agus a dtacaíonn foireann riaracháin beirte léi. Éascaíonn struchtúr tuairisceoireachta leibhéala le faisnéis agus smainte sruthlú thart go saoráideach agus cuireann an struchtúr sin an próiseas sin chun cinn fosta, rud a spreagann an comhairliúcháin agus smainteoireacht chruthaitheach. Ní amháin go gcuireann sé sin ar chumas an CSI riachtanais na bhfeidhmeanna sin, atá sainordaithe le reachtaíocht Eorpach agus náisiúnta, a chomhlíonadh, ach soláthraíonn sé an tsolúbthacht dúinn freisin a bhíonn ag teastáil chun freagairt go héifeachtach d'éilimh oibre a thagann gan choinne agus nach mór freastal orthu láithreach.

Tá sé bunriachtanach go mbunófar agus go gcoinneofar ar bun cumas corparáideach leordhóthaineach go ndéanfaidh an CSI cúrsaí sábháilteachta iarnróid a rialáil agus chomh maith leis sin, go n-imscrúdóidh an AITI tionóiscí iarnróid. Lena dhearbhu go mbeidh cumas dá leithéid ar fáil sna heagraíochtaí faoi seach, tá gá le caidre de bhaill foirne gairmiúla, ag a bhfuil eolas agus taithí a bhaineann le cúrsaí iarnróid go sonrach, leis na feidhmeanna éigeantacha a fheidhmiú.

1.2.1 Easnamh Scileanna

I bpáipéar a cuireadh i láthair na Roinne Iompair i mí na Samhna 2010, d'aithin an CSI an struchtúr eagrúcháin agus leibhéal na foirne a bhí riachtanach lena chuid feidhmeanna éigeantacha a fheidhmiú i leith na maoirseachta ar shábháilteacht iarnróid faoi reachtaíocht Eorpach agus náisiúnta. Dearbhaíodh leibhéal agus candam an tsaineolais theicniúil a bhí riachtanach leis na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh i Straitéis Phleanála an Fhórsa Oibre 2012-14, a cuireadh faoi bhráid na Roinne i mí Iúil 2012; agus cuireadh sin in iúl go soiléir arís san uasdátú a rinneadh i mí Aibreáin 2013 ar Straitéis Phleanála an Fhórsa Oibre a cuireadh faoi bhráid na Roinne Iompair Turasóireachta & Spóirt.

1 An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid

Rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt laghdú eile ar an bhfigiúr a bhain leis an CSI sa Chreat reatha um Rialú Fostaíochta (CRF) i mí Feabhra 2013. Leis seo, forchuireadh laghdú ó 13 go 11 ar líon na bpost a cheadaítear a líonadh le fostaíthe buana san earnáil phoiblí. Is é an éifeacht a bhaineann leis an athbheithniú seo ar an bhfigiúr sa Chreat go bhfuil srian á chur le líon na bpost teicniúil buan go naonúr (seisear sa CSI agus tríúr san AITI) nuair a chuirfear na riachtanais (beirt) le haghaidh ball foirne riaracháin agus le cúrsaí airgeadais a rialú san áireamh.

Thairis sin, mar gheall ar an lánchosc atá ann faoi láthair ar dhaoine a earcú san earnáil phoiblí, níorbh fhéidir folúntais le haghaidh Cigirí sábháilteachta iarnróid a líonadh chun líon na saineolaithe teicniúla ar an bhfoireann bhuan a thabhairt aníos chuig an leibhéal foirne atá ceadaithe faoin CRF. Dá bharr sin, b'ionann fós easnamh na saineolaithe teicniúla atá fostaíthe go buan sa CSI agus 50% dá gcuid riachtanais i gcaitheamh 2013.

Is ionann an t-easnamh leanúnach seo ar líon na n-acmhainní teicniúla agus riosca suntasach do chumas an CSI a chuid feidhmeanna éigeantacha a fheidhmiú agus a dhualgas rialála a chomhlíonadh, ó thaobh:

(i) maoirseacht a dhéanamh ar shábháilteacht na n-iarnród de réir cheanglais Threoir 2004/49/EC, agus le Rialachán 1077/2012 ón gCoimisiún a chomhlíonadh;

(ii) tabhairt faoi mheasúnacht ar chomhréireacht na gcóras bainistíochta sábháilteachta chun Rialacháin ón gCoimisiún (AE) Uimh. 1158/2010 agus (AE) Uimh. 1169/2010 a chomhlíonadh; agus

(iii) measúnacht a dhéanamh ar mar a rialaíonn iarratasóirí rioscaí sula ndéanfar údarú le feithicilí nua nó fochórais struchtúracha nua, nó cinn atá athraithe go suntasach, a chur i mbun seirbhíse, de réir cheanglais Threoir 2008/57/CE.

1.2. Bearta le Rioscaí a Mhaolú

Chun an fíor-riosca mór seo a mhaolú, agus lena chinntiú go gcomhlíonfar tascanna atá sainordaithe faoi reachtaíocht Eorpach agus náisiúnta go rathúil, chuir an CSI clár oiliúna & forbartha i ngníomh do chéimithe, faoi chomhaontú comhpháirtíochta le Engineers Ireland, ar cuireadh tús leis i mí Mheáin Fómhair 2011. Míníodh na socrúithe seo go mion sa Tuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2012.

Lean an ceathrar innealtóirí iarchéime ar thug Engineers Ireland socrúchán oibre leis an CSI dóibh (beirt i mí Mheáin Fómhair 2011 agus beirt i mí Mheithimh 2012) ar aghaidh le bheith ag cur lena n-eolas agus lena dtaithe, agus cheana féin, chuir seo ar chumas an CSI bonn a chuid costas a cheartú trí laghdú a dhéanamh ar a mhéad a bhítear ag brath ar shaineolaithe seachtracha costasacha leis na príomhghníomhaíochtaí maoirseachta a fheidhmiú. Cuireadh beirt céimithe innealtóireachta eile ar shocrúchán oibre leis an CSI i mí Eanáir 2013, rud a thug neart na foirne suas chuig an líon atá riachtanach, ach ní bheidh an clár oiliúna & forbartha curtha i gcrích go hiomlán go dtí an tríú ráithe de 2016. Mar sin, go dtí go mbeidh na céimithe go hiomlán inniúil, beidh gá fós ann le speisialtóirí sainchomhairleacha a thabhairt isteach ar chonarthaí faoi chomhaontuithe creata mar thacaíocht do na feidhmeanna measúnachta ar chomhréireacht agus um údarú, go háirithe i réimsí teicniúla sonracha cosúil le rothstoc agus comharthaíocht iarnróid.

Tá an clár oiliúna & forbartha saindeartha ina chomhchuid bhuntábhachtach de straitéis phleanála fórsa oibre an CSI. Is é a chuspóir a chinntiú go mbeidh eolas agus scileanna teicniúla leordhóthaineacha a bhaineann go sonrach le cúrsaí iarnróid ar fáil laistigh den CSI sa chaoi go gcomhlíonfar dualgais a bhfuil ceangal dlí ar an gcomhlacht a dhéanamh, agus nach mbeidh ach an líon is lú is féidir de shainchomhairleoirí seachtracha á dtabhairt isteach. Tá trí



chinn de cheithre thoradh shonracha an chláir comhlíonta ag an CSI cheana féin, mar atá:

- (i) éascú le scileanna saindeartha a fhorbairt chun an tsábháilteacht in earnáil iarnróid na hÉireann a rialáil;
- (ii) rannchuidiú dearfach a sholáthar le céimithe a fhostú; agus
- (iii) go mbeifear in ann laghdú leanúnach a dhéanamh ar chandam na tacaíochta costasáí seachtraí.

1.2.3 Riosca do Leanúnachas an Ghnó

Níl ach cuid bainte amach ó thaobh an cheathrú toraidh den chláir oiliúna & forbartha céimithe (chun am a thabhairt dúinn - go dtí lár 2014 ar a laghad - sula gcaithfí baill foirne a fhostú). Cé go bhfuil muid tar éis am a fháil sula gcaithfear aghaidh a thabhairt ar chinneadh maidir le hearcaíocht, tá maolú fós le daingniú ó shrianta an ECF agus ón lánchosc ar earcaíocht san earnáil phoiblí. Mar sin, go dtí seo, níorbh fhéidir leis an CSI líon na speisialtóirí inniúla a fhostú, ar bhonn buan, atá riachtanach go mbeidh an CSI ag feidhmiú go hiomlán ó Mheán Fómhair 2015 ar aghaidh. Sonraíodh an t-easnamh áirithe seo mar shaincheist suntasach san iniúchóireacht leanúna a rinne Gníomhaireacht Eorpach Iarnróid i rith an ráithe deiridh de 2013.

Tá teorainn 45 mí ar shocrúchán oibre gach duine den seisear innealtóirí iarchéime leis an CSI, agus tá na conarthaí don trí phéire céimithe le dul in éag i mí Mheáin Fómhair 2015, Mí Mhárta 2016 agus mí Mheáin Fómhair 2016 faoi seach. Cé go bhfuil an riosca láithreach maolaithe, níl aon phlean comhaontaithe i bhfeidhm chun an saineolas iarnróid, atá forbartha chun freastal ar riachtanais ghnó an CSI, a choinneáil. Tá líon leordhóthaineach d'innealtóirí, ag a bhfuil an iniúilacht le gníomhú mar Chigirí sábháilteachta iarnróid, bunriachtanach má tá an CSI leis na dualgais, a bhfuil ceangal dlí air a fheidhmiú, a chomhlíonadh agus a chinntiú, dá réir, go seachnófar riosca nach mbeidh reachtaíocht Eorpach um shábháilteacht iarnróid á comhlíonadh.

1.2.4 Forbairt Ghairmiúil

Níl an clár oiliúna do chéimithe ach ina chuid den fheachtas foriomlán le heolas agus scileanna laistigh d'fhoireann an CSI a bhreisiú. Spreagtar gach ball foirne le páirt a ghabháil i ngníomhaíochtaí a aithníonn comhlachtaí innealtóireachta gairmiúla mar chinn a rannchuidíonn leis an bhforbairt ghairmiúil leanúnach. Baineadh an dul chun cinn seo a leanas maidir le forbairt ghairmiúilamach i rith 2013 :

- o Coimisinéir tofa ina Chomhalta d'Institiúid na nInnealtóirí Comhartha Iarnróid (FIRSE)
- o Leas-Choimisinéir tofa ina Chomhalta d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann (FIEI)
- o Teideal gairmiúil cláraithe mar Innealtóir Cairte (CEng) bronnata ar aon innealtóir iarchéime amháin
- o Céim Mháistreachta sa Bhainistíocht (MiM) ó Scoil Ghnó Smurfit, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, bronnata ar aon innealtóir iarchéime amháin

1 An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid



1.3 An tAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid

Foráiltear le hAlt 55 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 le haghaidh Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (AITI) a bhunú laistigh den CSI, agus cé go bhfuil an t-Aonad ina chuid den CSI agus acmhainní riaracháin á roinnt, ó thaobh a bhfeidhmeanna, tá sé de neamhspleáchas ag an Aonad san fheidhm ó thaobh tionóiscí iarnróid agus eachtraí tromchúiseacha a imscrúdú. Cé go bhfuil reachtaíocht chumasúcháin fós le rith, tá sé i gceist go mbeidh an AITI dealaithe ón CSI ó thaobh an dlí de i rith 2014 chun ceanglais an AE a chomhlíonadh go hiomlán.

Is é cuspóir imscrúdú ar thionóisc nó eachtra iarnróid cúiseanna díreacha agus láithreacha an eachtra a dhéanamh amach (lena n-áirítear fachtóirí a rannchuidigh leis agus a bhain le gníomhartha a rinne daoine a raibh lámh acu ann, nó an bhail ar an rothstoc nó ar shuiteálacha teicniúla); cúiseanna bunúsacha a bhaineann le scileanna, nósanna imeachta, agus cúrsaí cothabhála; agus bunchúiseanna a bhaineann leis an gcreat rialála agus feidhmiú chórais bhainistíochta sábháilteachta; agus, i gcás gur gá, moltaí ó thaobh na sábháilteachta a dhéanamh, arb é an cuspóir a bhaineann leo go bhféadfaí sábháilteacht an iarnróid a fheabhsú agus tionóiscí a sheachaint.

Imscrúdú cúisíoch a dhéanann an t-aonad, agus é sin amháin - is é sin le rá go bhféachann sé le fíricí iomlána eachtra a aithint chomh maith leis an bhfáth gur tharla sé d'fhonn atarlú a chosc. Sonraítear íos-tairseach, ó thaobh caillteanas agus gortuithe, a mbíonn imscrúdú éigeantach os a cionn, sa Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid. Bíonn sé ar chomhairle an Aonaid an ndéanfar eachtraí lena mbaineann tionchar níos lú a imscrúdú. Thionscain an AITI sé imscrúdú fhoirmiúla in 2013 ar thionóiscí agus ar eachtraí ar an iarnród:

Iarnród Éireann.

- o Neamhrialtacht oibriúcháin ar an gcuid idir Dún Dealgan - lúr Chinn Trá ar an bpríomhlíne ó Bhaile Átha Cliath agus Béal Feirste an 23ú Márta 2013
- o Dorais do Phaisinéirí ar an DART - chlis ar na ciorcaid chomhghlasála - an taobh mícheart - an 10ú Lúnasa 2013
- o Dulta thar Chomhartha Contúirte ag Sráid an Mhuilinn, cuid Chill Airne de Ghabhal Chill Airne an 8ú Nollaig 2013
- o Forscáth an ardáin imthuile ag stáisiún Chorcaí (Ceannt) an 18ú Nollaig 2013
- o Chlis ar an trealamh cosanta ag crosaire comhréidh Gortavogher, líne idir Luimneach - Baile Átha an Rí, an 19ú Nollaig 2013

LUAS

- o Splancthine ar thram LUAS agus é ag teacht isteach chuig stad Bus Áras an 7ú Samhain 2013

D'fhoilsigh an AITI trí thuairisc i rith 2013 faoi thionóiscí agus eachtraí a d'imscrúdaigh siad go foirmiúil:

Iarnród Éireann:

- o Bhuaill tarracóir faoi thráein ag XE-020, líne idir Luimneach agus Baile Átha an Rí an 20ú Meitheamh 2012 - foilsithe an 17ú Meitheamh 2013
- o Comharthaí ceo maidhmthe i gcabán thráein DART ag stáisiún Bhré an 6ú Márta 2012 - foilsithe an 19ú Meán Fómhair 2013

LUAS

- o Bhuaill tram faoi bhus ag Sráid na Mainistreach / Uí Chonaill an 16ú Meán Fómhair 2011 - foilsithe an 28ú Feabhra 2013

2 Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna

Sa chuid seo den tuarascáil bhliantúil, pléitear le feidhmíocht an CSI sna trí réimsí oibre buntábhachtacha dá chuid: Measúnacht ar an gComhréireacht agus Údarú le Cur i mbun Seirbhíse; Maoirseacht ar an mbealach a chomhlíontar nósanna imeachta agus caighdeán & Comhlíonadh na nósanna imeachta agus na gcaighdeán sin a fhorfheidhmiú, agus Reachtaíocht a chomhchuibhiú le treoracha & rialacháin ón Eoraip.

2.1. Measúnacht ar an gComhréireacht agus Údarú le Cur i mbun Seirbhíse

Tá dhá phríomhshraith i gceist le gníomhaíochtaí faoin teideal seo: Córais Bhainistíochta Sábháilteachta (CBS) a mheasúnú agus Údarú go gcuirfear bonneagar iarnróid nua agus rothstoc nua, nó bonneagar agus rothstoc a athraíodh go suntasach, i mbun seirbhíse.

2.1.1 Córais Bhainistíochta Sábháilteachta (CBS)

I gcomhar leis an atheagrú inmheánach ar larnród Éireann le bheith ina rannáin ghnó ar leithligh, mar atá, Bainisteoir Bonneagair agus Gnóthas larnróid, rinneadh athbhreithniú ar shocruithe a gcuid CBS. Cuireadh cáipéisí CBS ar leithligh le haghaidh gach rannáin ghnó faoi bhráid an CSI le measúnacht ar an gcomhréireacht a dhéanamh agus bhronn an CSI Údarú Sábháilteachta ar an mBainisteoir Bonneagair agus d'eisigh Deimhniú Sábháilteachta (Codanna A agus B) don Ghnóthas larnróid an 22ú Márta 2013.

Rinneadh larnróid Thuaisceart Éireann athbhreithniú ar a CBS lena ailíniú le socruithe nua larnród Éireann, agus eisíodh Deimhniú Sábháilteachta athnuaite Chuid B, lenar clúdaíodh a gcuid gníomhaíochtaí laistigh den Stát mar Ghnóthas larnróid, an 30ú Lúnasa 2013.

Sa cheathrú ráithe de 2013, chuir Balfour Beatty Ireland Limited tús leis an gcéim thosaigh ó thaobh iarratas a dhéanamh don CSI ar Dheimhniú Sábháilteachta (Codanna A agus B) go gceadófaí dóibh feidhmiú mar Ghnóthas larnróid i dtaca lena gconradh chun innealra ar na rianta ar líonra larnród Éireann a chothabháil agus a fheidhmiú.

2.1.2 Údarú le Cur i mbun Seirbhíse

San áireamh le nithe ar bhonneagar líonra larnród Éireann a údaráíodh i rith 2013 bhí droichead bóthair nua ag Carraig an

Chaisleáin, in aice le Baile Átha Luain, (dearadh mionsonraithe údaraithe an 8ú Bealtaine 2013), agus droichead nua eile in aice le Trá Lí, a rinne cuid de thionscadal seachbhóthair Thrá Lí (údaraithe an 14ú Lúnasa 2013). Deonaíodh údarú freisin i rith 2013 le haghaidh dearadh tosaigh i gcomhair droichid nua thar líne Mhá Nuad in áit chrosaire comhréidh Uí Raghallaigh. Fágfaidh an droichead áirithe seo go mbeifear in ann crosaire comhréidh Uí Raghallaigh a dhúnadh, rud a bheidh ina fheabhsú mór le haghaidh trácht ar bóithre isteach agus amach as Baile Átha Cliath ar an N3, le cois cúrsaí sábháilteachta agus oibriúcháin iarnróid a bhreisíú.

Osclaíodh an athfhorbairt ar Stáisiún na bPiarsach, Baile Átha Cliath, lenar áiríodh bealach nua isteach do phaisinéirí, an 9ú Aibreán 2013. Údaráíodh an scéim seo lena cur i mbun seirbhíse agus Treoir 2008/57/CE á comhlíonadh go hiomlán. Osclaíodh stáisiún nua ag Páirc Hans agus ag Óran Mór do phaisinéirí an 28ú Meitheamh 2013 agus an 29ú Iúil 2013 faoi seach.

Bhí an méid seo a leanas i measc an rothstoic a údaráíodh:

- Oibriúcháin 2-charr an DART a thabhairt isteach an athuair le EMUanna d'Aicme 8100/8300 – údaraithe an 22ú Bealtaine 2013
- Veaineanna Gineadóira Leictirigh MK3 a thiontú go n-oibreoidh siad le stoc Enterprise DeDietrich – údaraithe an 10ú Iúil 2013
- Gluaisteán Uimh. 4, larnród Phort Láirge agus Ghleann na Siúire (iarnród oidhreacht) – údaraithe an 2ú Lúnasa 2013
- Múnlaith solúbtha traenach de Carranna larnróid Idirchathrach d'Aicme 22000 larnród Éireann – údaraithe an 4ú Deireadh Fómhair 2013



Lena chois sin, deonaíodh údarú don Gníomhaireacht um Fháil larnród le Feithicil Ghlanta Bóthair-larnróid a thástáil ar líonra LUAS, agus ghlán larnród Éireann an chéim choincheapa le haghaidh córais chomharthaíochta hibridigh laistigh den chabán a d'oibreodh i gcomhar leis na córais CAWS agus ATP atá acu cheana féin.

Cuirtear tuilleadh mionsonraí i láthair in Aguisín 4 maidir le stádas na n-údarú éagsúil.

2 Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna



2.1.3 Treoirlínte

D'fhoilsigh an CSI na treoircháipéisí seo a leanas i rith 2013:

RSC-G-009-E	Treoirlíne maidir leis an bPróiseas le Fochórais Iarnróid a Údarú le Cur i mBun Seirbhíse
RSC-G-15-C	Treoirlínte maidir le rothstoc nua d'Iarnród Trom a mheasúnú ó thaobh na sábháilteachta
RSC-G-021-C	Treoirlíne maidir le hUimhriú Eorpach d'Fheithiclí agus an Clár Náisiúnta Feithiclí in Éirinn
RSC-G-022-R2.0	Treoirlíne d'Oibreoirí Iarnród Oidhreacht agus Mionianróid
RSC-G-027-A	Treoirlíne maidir le Deimhniú Aonán a bhfuil Dualgas Cothabhála orthu
RSC-G-028-A	Treoirlíne maidir le Córas Bainistíochta Sábháilteachta a fhorbairt don Iarnród Éadrom
RSC-G-029-A	Treoirlíne maidir le CBS a fhorbairt le haghaidh Gnóthas Iarnróid agus Bainisteoirí Bonneagair
RSC-G-030-A	Treoir maidir le Deimhniú/Údarú Sábháilteachta a Fheidhmiú

2.1.4 Tiománaithe Traenach a Dheimhniú

Chuir Iarnród Éireann iarratais uasdátaithe isteach go n-aithneofaí iad mar Ionaid Oiliúna agus Scrúdúcháin i mí Lúnasa 2013. Tar éis athbhreithniú a bheith déanta ar an



iarratas agus comhráití leis an iarratasóir, tá tuilleadh cáipéisí de dhíth sular féidir aitheantas a thabhairt. Táthar ag súil leis go ndéanfar iarratas uasdátaithe eile go luath in 2014.

2.2 Comhlíonadh, Maoirseacht agus Forfheidhmiú

Sruth oibre bunúsach don CSI is ea maoirseacht a dhéanamh ar shealbhóirí dualgais lena chinntiú go mbíonn a gcóras bhainistíochta sábháilteachta ceadaithe (CBS) faoi seach á gcur i ngníomh ag Eagraíochtaí Iarnróid (Bainisteoirí Bonneagair agus Gnóthais Iarnróid), agus go mbíonn na nósanna imeachta agus caighdeáin chuí á gcomhlíonadh acu lena linn sin.

Baineann an CSI úsáid as foinsí éagsúla le cabhrú leis a chuid gníomhaíochtaí maoirseachta a spriocdhíriú agus áirítear leo siúd:

- Ceanglais éigeantacha
- Gníomhaíochtaí agus aschuir mhaoirseachta ón gcéanna ag an CSI roimhe
- Breithiúnas gairmiúil an CSI féin
- Buairimh an tionscail ó thaobh na sábháilteachta, a thagann chun cinn de thoradh tionóiscí agus eachtraí náisiúnta agus idirnáisiúnta go tipiciúil;
- Gearáin agus uirill ag, nó thar ceann, paisinéirí nó daoine gaolmhara eile; agus
- Monatóireacht fhrithghníomhach, lena n-áirítear cigireacht tar éis eachtraí le féachaint ar comhlíonadh nósanna imeachta.

Agus é ag baint úsáide as na foinsí thuas, forbraíonn an CSI pleannana maoirseachta ilbhliantúla agus bliantúla lena n-áirítear na gníomhaíochtaí uile a bhíonn riachtanach le maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar na sealbhóirí dualgais a chuimsítear faoina shainchúram. Áirítear leis na pleananna seo: Cruinnithe maoirseachta, iniúchóireachtaí ar phróisis agus ar CBS an tsealbhóra dualgais, cigireacht ar shócmhainní samplacha agus gníomhaíochtaí frithghníomhacha a dhéanamh cosúil le bheith ag leanúint le tionóiscí, eachtraí, tarlúintí contúirteacha, nó gearáin ón bpobal nó ó thríú páirtí.

2.2.1 Iniúchóireacht ar Chomhlíonadh (Maoirseacht Réamhghníomhach)

Thug an CSI faoi na hiniúchóireachtaí seo a leanas ar Iarnród Éireann in 2013:

- Bainisteoireacht Struchtúr Droichead – Iniúchóireacht déanta i mí Feabhra 2013
- Bainisteoireacht Tionóiscí & Eachtraí agus ullmhacht le haghaidh éigeandálaí - Iniúchóireacht déanta i mí an Mhárta/an Aibreáin 2013
- Bainisteoireacht Chothabháil Choscáin an Rothstoc – Iniúchóireacht déanta i mí na Bealtaine-Iúil 2013
- Bainisteoireacht Fhásra ar Líonra IÉ – Iniúchóireacht déanta i mí Mheáin Fómhair 2013

Thug an CSI faoin iniúchóireacht seo a leanas ar Transdev (LUAS) in 2013:

- Bainisteoireacht Chonraitheoirí - Iniúchóireacht déanta i mí Feabhra 2013

Iniúchóireachtaí ar cuireadh tús leo ach nár críochnaíodh in 2013

- Bainisteoireacht Oiliúint & Inniúlacht Tiománaithe Tram – Iniúchóireacht déanta i mí Mheáin Fómhair 2013
- Bainisteoireacht IÉ ar a chuid Córas Lastuas agus Cumhachta – Iniúchóireacht déanta i mí na Samhna 2013

2 Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna

Teideal na hIniúcháireachta	Neamh-chomhlíonadh Cás Tromchúiseach	Neamh-chomhlíonadh – Cás Mionchúiseach	Gníomh atá Riachtanach
Bainisteoireacht Chonraitheoirí a oibríonn ar líonra LUAS	0	0	7
Bainisteoireacht Struchtúr Droichead	0	5	13
Bainisteoireacht Tionóiscí & Ullmhacht d'Éigeandálaí	0	4	10
Bainisteoireacht Chothabháil Choscáin an Rothstoic	1	5	14
Bainisteoireacht Fhársa ar Líonra IÉ	0	2	6

- Bainisteoireacht Oiliúint & Inniúlacht IÉ – Iniúcháireacht déanta i mí na Nollag 2013

Tá moltaí déanta de thoradh na n-iniúcháireachtaí go léir a rinneadh agus tá achoimre ar na moltaí sin le fáil sa tábla thíos, ó thaobh aschuir na n-iniúcháireachtaí de thoradh a bhfuair amach.

De réir Alt 76 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid, tá Pleananna ina leith seo a chur i ngníomh curtha faoi bhráid an CSI ag Iarnród Éireann agus Transdev. Tá an CSI tar éis glacadh leo, agus tá gníomhartha ceartúcháin curtha i ngníomh cheana féin, nó tá an próiseas sin ar bun, rud a bhfuil an CSI ag déanamh monatóireachta air.

Déanann an CSI monatóireacht ar an mbealach a chuirtear gníomhaíochtaí ceartaitheacha i ngníomh ar bhonn leanúnach trí chruinnithe rialta le sealbhóirí dualgas le hathbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí sábháilteachta. Feidhmítear réimeas aire ina bhfuil trí leibhéal ar an mbealach seo a leanas:

OSCAILTE — Táthar fós ag fanacht le haiseolas ón sealbhóir dualgas, nó níl gníomhartha curtha i gcrích go fóill

CRÍOCHNAITHE — Comhairle tugtha don sealbhóir dualgas go bhfuil bearta déanta aige leis an ngníomh feabhsach a chur i ngníomh agus fianaise soláthraithe don CSI le meas an féidir an moladh a dhúnadh

DÚNTA — Bunaithe ar fhianaise a sholáthair an sealbhóir dualgas, tá an CSI sásta go bhfuil na bearta feabhsacha riachtanacha déanta agus go bhfuil an oiread den obair curtha i gcrích is a bhí ag teastáil chun an moladh a dhúnadh.

Táirgeadh moltaí de bharr iniúcháireachtaí a rinneadh in 2013 lenar clúdaíodh 17 saincheist de chásanna 'nár comhlíonadh ceanglais' agus 50 saincheist a raibh 'gníomh riachtanach ina leith'. Maidir le cásanna nár comhlíonadh ceanglais, glanadh 6 mhír amach as an gcatagóir 'oscailte' agus dúnadh 6 cheist eile i rith na bliana. Sa tréimhse chéanna, glanadh 29 mír amach as an gcatagóir 'oscailte' i gcomhair cásanna ina raibh gníomh riachtanach ina leith, agus dúnadh 22 shaincheist eile. Léirítear athruithe a tharla i rith 2013 maidir le líon agus stádas na moltaí a tháinig chun cinn ó thorthaí iniúcháireachta sa tábla thíos.

2.2.2 Scrúduithe Tar Éis Eachtraí Tromchúiseacha (Maoirseacht Fhrithghníomhach)

Feidhmíonn an CSI uainchlár lena bhfághtar go mbíonn Cigire de chuid an CSI i gcónaí ar fáil ar glao-dhualgas 24 uair in aghaidh an lae, 364 lá in aghaidh na bliana chun freagairt do thionóisc nó d'fhógra faoi eachtra. In 2013, fuair an CSI 70 glao agus d'fhreagair do 9 gcinn de na heachtraí seo. Is le líonra IÉ a bhain tromlach na gcasanna seo (42) agus bhain 26 eile le líonra LUAS.

Seachas na heachtraí sin inar tugadh le fios gur ghortaigh duine é nó í féin d'aon turas, rinneadh tuilleadh imscrúdaithe ar gach eachtra. Bhain imscrúdú ar an láthair leis na scrúduithe seo de ghnáth, mar aon le hagallaimh le pearsanra, agus athbhreithniú ar cháipéisíocht sábháilteachta. In aon chás inar measadh go raibh an tsábháilteacht i mbaol, lorg an CSI na dearbhuithe riachtanacha ón aonán ábhartha go raibh bearta curtha i bhfeidhm leis na rioscaí a mhaolú.

	Tuariscí Iniúcháireachta	Torthaí Iniúcháireachta	
		Cás nár comhlíonadh ceanglais aitheanta	Gníomh Riachtanach
2009	5	8	76
2010	5	11	37
2011	11	22	96
2012	9	22	61
lomlán go 31-12-12	30	63	270
Stádas ag 31-12-12	OSCAILTE	49	184
	CRÍOCHNAITHE	9	44
	DÚNTA	5	47
2013	5	17	50
lomlán go 31-12-13	35	80	320
Stádas ag 31-12-13	OSCAILTE	60	205
	CRÍOCHNAITHE	9	46
	DÚNTA	11	69

2 Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna

Seachas cásanna foghla, nó inar tugadh le fios go raibh féinghortú i gceist, ní raibh aon tionóiscí marfacha ar líonra IÉ in 2013, ach bhí roinnt eachtraí ann a bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ag baint leo agus cúinsí beagán difriúil:

- o 17ú Eanáir 2013 - Imbhualadh idir traein agus burla sadhlais a bhí curtha ar an rian go mailiseach, de réir dealraimh, ag crosaíre comhréidh seilbhe Cheathrú an Fhraoigh idir Baile an Mhóta agus Cúil Mhuine ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Sligeach
- o 17ú Feabhra 2013 - Gortú tromchúiseach do dhuine a thit idir traein agus ardán ag stáisiún Shráid na Teamhrach
- o 16ú Meán Fómhair 2013 - Tine nach beag ar fheithicil chothabhála LUAS
- o 7ú Samhain 2013 - Tharla tine ar thram a bhí i mbun seirbhíse agus ag teacht isteach go stad Bhus Áras*
- o 18ú Nollaig 2013 - Thit díon an fhorscátha os cionn ardáin 1 & 2 ag Stáisiún Chorcaí (Ceannt)*
- o 31ú Nollaig 2013 - Thit cuid mhaith carraigeacha ag Stáisiún Phort Láirge (Pluincéid)*

* Tá imscrúdú leanúnach á dhéanamh ar na tionóiscí áirithe seo ag an AITI chun an chúis / na cúiseanna a dhéanamh amach.

Maidir leis an gcéad cheann de na heachtraí tromchúiseacha seo, an 17ú Eanáir, bhuaill traein do phaisinéirí faoi bhurla sadhlais chruinn. Go hámharach, níor cuireadh an traein de na ráillí, ach bhain damáiste do chabáin an tiománaí agus d'fhág an eachtra moill shuntasach ar sheirbhísí. Tharla an dara eachtra tromchúiseach ag stáisiún Shráid na Teamhrach, Baile Átha Cliath, an 17ú Feabhra nuair a bhain tuaiplis do dhuine agus thit é idir traein agus imeall an ardáin. Bhain gortuithe tromchúiseacha don duine a d'athraigh a shaol dá bharr.

Bhí dhá eachtra thromchúiseacha ann a bhain le struchtúir ar cliseadh orthu. Tharla an chéad cheann nuair a thit forscáth an ardáin ag stáisiún Chorcaí (Ceannt) an 18ú Nollaig, agus tharla an dara ceann nuair a thit éadan na haille ag stáisiún Phort Láirge (Pluincéid) an 31ú Nollaig, a d'fhág gur thit cuid mhaith carraigeacha. Rinne an CSI scrúdú ar an dá áit agus monatóireacht ar fhreagairt IÉ don dá chás seo.

2.2.3 Monatóireacht ar Shaincheisteanna Teicniúla

I gcás go dtagann saincheisteanna teicniúla áirithe chun cinn, feadfaidh cigirí de chuid an CSI cinneadh a dhéanamh monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhartha a dhéanfaidh an sealbhóir dualgaís ábhartha le haghaidh a thabhairt ar nithe a d'fhéadfadh a bheith ina n-údar imní ó thaobh na sábháilteachta de. De ghnáth, tarlaíonn seo tríd an CSI a

bheith ag freastal ar chruinnithe nó ar cheardlanna measúnachta rioscaí, agus trí chigireacht a dhéanamh ar shócmhainní nó oibríochtaí. In 2013, bhí líon beag saincheisteanna ann a ndearnadh gníomhaíocht mhaoriseachta dá leithéid ina leith, lena n-áirítear:

- o Modhnuithe ar bhógaithe BT22C faoi Veaineanna Gineadóra Leictirigh Mk3
- o Fabht ar an Máistir-Rialaitheoir ar Thramanna LUAS
- o Ídiú neamhghnách ar imthacaí giurnálacha acastóirí na gCarranna Iarnróid Idirchathrach
- o Scoilteanna sna hacastóirí sonraithe ar Chineál 401 de Thramanna LUAS
- o Cliste ar Chiorcaid idirghlasála dorais ar chabhlach 8100/8300 an DART - taobh mícheart
- o Tine ag tarlú ar thram a bhí i mbun seirbhíse agus ag dul i dtreo stad Bhus Áras.



Leanfaidh an CSI ar aghaidh le bheith ag déanamh monatóireachta orthu seo agus ar tharlúintí eile le dearbhú a fháil go sealbhóirí dualgas ag bainistiú rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go chéile.

2 Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna

2.2.4 Cigireacht

Thug an CSI faoi roinnt scrúduithe eile ar larnród Éireann agus ar Transdev (LUAS) in 2013, lenar díriodh ar:

- o Sócmhainní iarnróid lena n-áirítear go háirithe rothstoc, droichid agus crosairí comhréidhe
- o Oibriú an iosta lastais ag Béal an Átha
- o Cigireacht maidir le plódú ar thraenacha / lódáil paisinéirí
- o Bainistíocht Imeachtaí
- o Bonneagar agus droichid ar na bealaí tram



Lena chois sin, sa chás go rabhthas in ann, thapaigh cigirí an deis le taisteal i gcábáin traenacha chun oibríochtaí agus an bhail a bhí ar an mbuanbhealach a mheasúnú.

Déanann an CSI scrúduithe ar gach iarnród oidhreacht féinchoinnithe atá i bhfeidhm freisin. Pléadh torthaí iniúchóireachtaí a rinneadh in 2012 ag ceardlann aonlae a reachtáladh an 20ú Eanáir 2013 le heolas a thabhairt do gach eagraíocht iarnróid oidhreacht maidir leis an gceanglas atá orthu córais bhainistíochta sábháilteachta a fhorbairt agus a thabhairt isteach.

2.2.5 Cruinnithe Maoirseachta

In 2013, mar chuid de Chlár Maoirseachta an CSI, reachtáladh roinnt cruinnithe maoirseachta ardleibhéil le bainisteoirí sinsearach a ó na príomhshealbhóirí dualgais, mar atá, Bainisteoir Bonneagair Iarnród Éireann (IÉ), Gnóthas Iarnróid IÉ, agus Transdev (LUAS). Pléadh an fheidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta, lena n-áirítear athbhreithniú agus plé ar thionóiscí agus eachtraí chomh maith le gníomhartha atá á ndéanamh chun atarlú a chosc. Déanann an CSI monatóireacht freisin ar an mbealach a chuireann sealbhóirí dualgais moltaí ón tAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid i ngníomh tar éis a n-imscrúduithe neamhspleácha 'cúisíocha'.

2.2.6 Buairimh an Tionscail

I mí an Márta 2012 choimisiúnaigh an CSI GL Noble Denton i Lunainn chun athbhreithniú agus fiosrúcháin a dhéanamh maidir le cúinsí a d'fhéadfadh bac a chur ar fhaisnéis sábháilteachta chriticiúil a aithint go luath i rith imscrúdú ar thionóisc nó eachtra. Tar éis moilleanna éagsúla, cuireadh an t-athbhreithniú seo i gcrích faoi dheireadh i mí na Nollag 2013, agus cheap an CSI Cathaoirleach Chomhairle Chomhairleach na Sábháilteachta Iarnróid ansin le bheith ina chathaoirleach ar mheitheal trastionscail agus maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas leis na moltaí a rinneadh i dtuairisc GL Noble Denton a chur i ngníomh.

Coinníonn an CSI teagmháil fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil ar bun lenár gcomhghleacaithe, na comhlachtaí rialála agus imscrúdúcháin san Eoraip, Tuaisceart Mheiriceá agus san

Astraláise. Scaip an CSI gach tuairisc maidir le tionóiscí agus gach fógra comhairleach maidir le cúrsaí sábháilteachta a d'eisigh na heagraíochtaí sin i gcás gur measadh gur bhain siad le sealbhóirí dualgais.

Tharla ceithre thionóisc thragóideacha ar na hiarnróid i mí Iúil 2013, mar atá, an traein ola a cuireadh de na ráillí ag Lac-Mégantic, Ceanada, an 6ú Iúil a d'fhág go bhfuair 47 duine bás; an traein a cuireadh de na ráillí ag Brétigny-sur-Orge (Iasmuigh de Pháras) an 12ú Iúil ina bhfuair seachtar bás; an traein ardluais a cuireadh de na ráillí ag Santiago de Compostela, an Spáinn, an 25ú Iúil inar maraíodh 79 duine; agus an dá thraein a bhuaill faoina chéile ag Granges-près-Marnand, san Eilbhéis, an 29ú Iúil inar chaill duine de thiománaithe na dtraenach a bheatha. Cuireann na tragóidí seo uile i gcuimhne dúinn gur cheart tús áite a thabhairt do chúrsaí sábháilteachta inár smaointe agus gníomhartha i gcónaí.

Rinne an CSI athbhreithniú cuíosach mionchúiseach ar na tionóiscí seo, agus shonraigh roinnt pointí foghlama a cuireadh in iúl d'Iarnród Éireann le súil a thabhairt orthu agus gníomhú dá réir. Is cothrom a rá go raibh an t-aos iarnróid ar feadh an domhain ar an eolas go mór faoina shuntasáí is a bhí na tionóiscí seo, atá tar éis a thábhachtaí is atá sé rialacha agus rialacháin fadbhunaithe maidir le cúrsaí sábháilteachta a chomhlíonadh, agus a leag béim níos mó ar an ngá le teicneolaíocht nua-aimseartha a ghlacadh agus feidhmiú na cosanta traenach dearfaí a leathnú amach.

2.2.7 Uirill ón bpobal

Tugann an CSI an-aird ar fad i gcónaí ar uirill a bhaineann le cúrsaí sábháilteachta iarnróid a thagann ón bpobal, ó phaisinéirí nó ó dhaoine eile. Féachann an CSI, cibé uair is féidir, le déileáil leis na cásanna go díreach, ach i gcás gur gá, lorgaimid faisnéis bhreise ó(na) sealbhóir(i) dualgais chun freagra chuimsitheach iomlán a sholáthar.

Fuair an CSI 69 uiríoll díreach nó neamhdhíreach in 2013 a bhain le raon ceisteanna ó thaobh bhonneagar agus oibriú na n-iarnróid trom agus éadrom de. Ba mhéadú suntasach é sin ar líon na n-uiríoll a fuarthas in 2011 (35), ach ba mhó mar a bhí na figiúir ag teacht le figiúir a bhí ann i mblianta roimhe m.sh. 55 in 2011. As a measc seo, bhain thart ar 62 uiríoll le hoibríochtaí nó bonneagar Iarnród Éireann agus bhain 6 chinn den fhuilleach le córas LUAS (Iarnród éadrom Bhaile Átha Cliath), agus bhain ceann amháin le sábháilteacht ar iarnród oidhreacht. Bhí líon beag díobh seo ina n-údar buairimh agus ghníomhaigh an CSI láithreach chun a chinntiú go ndearna an sealbhóir dualgas ábhartha gníomhartha ceartaitheacha ina leith.

Bhain thart faoi 15 uiríoll le leibhéil an phlódaithe ar thraenacha de chuid IÉ agus fuarthas beagnach gach ceann díobh seo tar éis múnlaith na dtraenach a bheith cuíchóirithe i dtreo dheireadh na bliana. De bhun na n-uiríoll seo, chuir an CSI tús le cigireacht ar lódáil paisinéirí, agus leanfaidh an ghníomhaíocht seo ar aghaidh isteach sa bhliain 2014. Tá torthaí ó scrúduithe aonair tar éis a bheith curtha ar a shúile do IÉ agus, cé gur mó mar a bhaineann siad seo le compórd na bpaisinéirí seachas cúrsaí sábháilteachta, leanann IÉ ar aghaidh le bheith ag déanamh monatóireachta ar a chuid seirbhísí agus athruithe a dhéanamh (níos mó carráistí a chur ar sheirbhísí) i gcás go meastar a leithéid a bheith cuí.

Ní raibh ceann ar bith de na huiríll eile ina n-údar buairimh ó thaobh na sábháilteachta de láithreach nó ina n-údar

2 Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna



buairimh go sonrach ach imscrúdaíodh iad ar fad agus freagraíodh dóibh ar fad. Leanann an CSI ar aghaidh le bheith ag rianú na nábhar a bhíonn i gceist leis na huirill ar bhonn leanúnach ionas go sainaithneofar aon atarlú nó treochtaí a d'fhéadfadh a thabhairt le fios gur gá tuilleadh airde a thabhairt orthu.

2.2.8 Gníomhaíocht forfheidhmiúcháin

Foráiltear le hAlt 7 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 le haghaidh roinnt beart forfheidhmiúcháin, ar nós Plean Feabhsúcháin a iarraidh agus Fógra Toirmisc a sheirbheáil. Thionscain an CSI na bearta forfheidhmiúcháin seo a leanas i rith 2013:

Alt 76 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 - Plean Feabhsúcháin iarrtha:

- o tar éis iniúchóireacht an CSI ar bhainistiú IÉ ar Choithabháil Choscáin an Rothstoic
- o tar éis iniúchóireacht an CSI ar bhainistiú IÉ ar Bhainistiú Tionóiscí agus Ullmhacht le haghaidh Éigeandálaí
- o tar éis roinnt eachtraí contúirteacha a bhain le rálaí greama ar board chabhlaigh carranna idirchathrach IÉ
- o tar éis iniúchóireacht an CSI ar bhainistiú IÉ ar Struchtúir Dhroichid
- o tar éis iniúchóireacht an CSI ar bhainistiú IÉ ar fhásra ar Líonra IÉ

Níor eisigh an CSI aon 'Fógraí Feabhsúcháin' nó 'Fógraí Toirmisc' i rith 2013.

2.3 Reachtaíocht a Chomhchuíbhíú le Treoracha & Rialacháin ón Eorpa

In 2011, chuir an Coimisiún Eorpach a gcuid imní in iúl maidir le haimhrialtachtaí idir an tAcht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 agus an Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid, nár tugadh aghaidh orthu sách críochnúil le trasuíomh na treorach sin i reachtaíocht na hÉireann. Áiríodh éagsúlachtaí suntasacha idir téarmaí agus sainmhínte a úsáidtear san Acht. Mar fhreagairt ar a dhualgas faoi alt 72 den Acht, tá tacaíocht theicniúil leanúnach agus chuimsitheach soláthraithe ag an CSI don Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt le haghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo, a d'fhág gur glacadh Rialacháin ón Aontas Eorpach (Sábháilteacht Iarnróid), I.R. Uimh. 444 de 2013.

Lean an CSI ar aghaidh le bheith ag rannchuidiú go dearfach leis an gcreat rialála a fhorbairt maidir le hearnáil iarnróid na hEorpa. D'fhreastail ionadaithe ón CSI ar thrí chruinniú de chuid an Choiste um Idir-Inoibritheacht agus Sábháilteacht Chóras Iarnróid na hEorpa thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta & Spóirt. Tá ionadaíocht ag an CSI freisin ar

Bhord agus ar choiste airgeadais na Gníomhaireachta Eorpaí Iarnróid agus tá an CSI gníomhach ar choiste iniúchóireachta na Gníomhaireachta. Glacann baill foirne ón CSI páirt gníomhach in dhá mheitheal de chuid na Gníomhaireachta, ceann amháin a bhíonn ag déileáil le feidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta agus an ceann eile le measúnacht agus maoirseacht ar an tsábháilteacht.

Rinneadh ionadaíocht thar ceann an CSI ar cheithre chruinniú iomlánacha de chuid Líonra na nUdarás Sábháilteachta Náisiunta, arna chomhordú ag an ERA, agus ar dhá chruinniú de Ghrúpa Idirchaidrimh Idirnáisiunta na gCigirí Iarnróid Rialtais. Rinneadh ionadaíocht thar ceann an Aonaid um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid ar chruinniú iomlánach amháin de na Comhlachtaí Náisiunta um Imscrúdú arna chomhordú ag an ERA.

2.4 Pointí a dTeagmhaíonn Bóithre agus Iarnróid le chéile

Tá an CSI ina chathaoirleach ar an Meitheal Sábháilteachta Iarnróid agus Bóthair (RRSWG). Éascaíonn an grúpa seo le faisnéis agus tuairimí a roinnt i measc bhaill na meithele maidir le saincheisteanna ó thaobh na sábháilteachta ag pointí a dteagmhaíonn bóithre agus iarnróid le chéile. Áirítear i measc bhaill an ghrúpa gnóthais iarnróid, údaráis bhóithre, na Gardaí, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus tarlóirí bóthair. Bhí dhá chruinniú ag an ngrúpa seo i rith 2013. D'fhreastail an CSI ar sheimineár tráchta ag coláiste oiliúna an Gharda Síochána ar an Teampall Mór i mí Dheireadh Fómhair.

Tá na crosairí comhréidhe a fheidhmíonn úsáideoirí ar bhóithre poiblí ina n-áiteanna lena mbaineann riosca mór agus daoine den phobal agus an t-iarnród ag teagmháil le chéile, toisc gur ar úsáideoir an bhóthair a bhíonn an fhreagracht as an gcrosaire comhréidh a úsáid go sábháilte. Is léir gur chóir bearta leanúnacha córasacha, le rioscaí a mhaolú, agus tuilleadh infheistíochta i leith na sábháilteachta, a dhíriú ar chrosairí comhréidhe a fheidhmíonn úsáideoirí ar bhóithre poiblí mar gheall ar na rioscaí a bhaineann leo.

3 Measúnacht ar Fheidhmíocht Shealbhóir an Dualgais ó thaobh na Sábháilteachta

3.1 Réamhrá

Meastar feidhmíocht sealbhóirí dualgais i bPoblacht na hÉireann ó thaobh na sábháilteachta de do na ceithre phríomhearnáil iarnróid a rialálann an CSI, mar atá, an t-iarnród trom, an t-iarnród éadrom, córais thionsclaíocha agus na hiarnróid oidhreacht. Tá sé d'obleagáid ar gach oibreoir iarnróid agus bainisteoir bonneagair eachtraí agus tionóiscí iarnróid a fhógairt don CSI. Úsáidtear na sonraí sin chun feidhmíocht na sealbhóirí dualgais ó thaobh na sábháilteachta de a mheasúnú, i measc rudaí eile.

3.2 Líonra Iarnród Éireann

Ag deireadh na bliana, bhí 1683 ciliméadar de bhealaí iarnróid i mbun seirbhíse ar líonra IÉ, an méid céanna a bhí ann sa bhliain roimhe. Ní raibh aon athruithe suntasacha ar an líonra ná ar oibriú na dtraenacha.

Bhí 1011 crosaire comhréidh cláraithe ag deireadh na bliana 2013, i gcomparáid le 1040 crosaire comhréidh a cláraíodh don bhliain roimhe.



Cuirtear staitisticí sealadacha maidir le tionóiscí i láthair go mion in Aghuisín 2. Tuairiscíodh ceithre bhás do fhoghlaith mar gheall ar fheithicilí iarnróid a bhí ag gluaiseacht, ar chosúil gur tharla trí chinn díobh mar gheall ar ghníomhartha féindochair a rinneadh d'aon turas.

Níor tharla aon chásanna inar imigh traein de na ráillí ar línte reatha ná níor tuairiscíodh aon chásanna inar bhuail traenacha i mbun seirbhíse faoi fheithicilí iarnróid nó stad maoláin. Dá aineoinn sin, cuireadh traein de na ráillí i dtaobhlach agus tharla aon chas agus í sealbhaithe. Níor scoilteadh aon traenacha ina dhá leath agus iad i mbun seirbhíse.

Baineann IÉ úsáid as uirlis aicmithe chun a mhéad is a d'fhéadfadh gach uair a chuathas thar chomharthaí contúirte a bheith ina údar tionóisce. Rinne IÉ scór ualaithe uimhríthe amach le haghaidh gach càis, agus tugann an scór leibhéal an imscrúdaithe inmheánaigh le fios. As measc an 18 gcás dá leithéid a tuairiscíodh i gcomhair 2013, cuireadh 4 sa chatagóir mionchúiseach, 7 gcinn sa chatagóir measarthach, 3 chinn sa chatagóir tromchúiseach agus 4 sa chatagóir criticiúil. Is iad seo na cásanna a tharla ar línte reatha, agus ní áirítear iad siúd a tharla i dtaobhlaigh nó in iostaí.

Bhí méadú suntasach ar líon na gcomharthaí contúirte ar línte reatha a tuairiscíodh a ndeachthas tharstu, ó 8 n-eachtra sa bhliain roimhe go 18 n-eachtra in 2013. Táthar inníoch laistigh den CSI mar gheall air seo agus leanfaidh muid an scéal seo tuilleadh in 2014 mar chuid dár n-

iniúchóireacht ar chothabháil agus ar fheidhmiú an chórais chomharthaíochta agus um rialú tráchta.

Bhuail traein faoi mhótarfheithicil aon uair ar chrosaire comhréidh seilbhe ar an líne ó Luimneach go hInis, ach níor gortaíodh aon duine dá bharr. Ní raibh aon chás ann inar bhuail traenacha faoi gheataí faoi fhreastal ag crosairí comhréidhe.

Buaileadh droichid os cionn an iarnróid 22 uair, cuid mhaith níos airde ó 11 uair sa bhliain roimhe. Buaileadh droichid faoin iarnród 72 uair in 2013, 11 chás de mhéadú i gcomparáid leis an mbliain roimhe (61).

Tuairiscíodh 7 eachtra inar tharla sciorthad talún nó inar thit carraigeacha, a chuaigh i bhfeidhm ar fheidhmiú línte iarnróid in 2013, cuid mhaith níos airde ón 4 eachtra a tuairiscíodh don bhliain roimhe. Táthar inníoch mar gheall air seo laistigh den CSI agus leanfaidh lenár moltaí d'iarnród Éireann a chur i ngníomh, a tháinig ónár n-iniúchóireacht i mí an Mhárta 2011 ar gheartháin agus ar chlaífoirt iarnróid, agus beidh seo ina chuid de chlár cigireachta an CSI i gcomhair 2014.

Tuairiscíodh 10 eachtra dóiteáin agus deataigh ar thraenacha, suas ó 4 chinn sa bhliain roimhe, ach níor gortaíodh aon phaisinéirí de bharr ceann ar bith. Ba é 29 líon na gcásanna inar tuairiscíodh gur bhuail traenacha faoi ainmhithe móra in 2013, beagán níos airde ó 26 sa bhliain roimhe. As measc na n-eachtraí sin, baineann a bhformhór le fianna de ghnáth.

Bhí aon ráille bhriste amháin ar líne paisinéirí i gcomhair 2013, a tharla ag tollán uimhir a 4 ag Ceann Bhré.

3.3 LUAS

Is éard atá i gcóras iarnróid éadroim uirbeach LUAS dhá líne ar leithligh a ritheann ar rianta dubailte. Tá an líne Ghlas 16.5 km ar fad agus ritheann sé ó Fhaiche Stiabhna go dtí Áth an Ghainimh: Is iad tramanna Luas amháin a thaistealaíonn ar an mbóthar ar 95% den líne sin agus tá 14 chrosaire chomhréidhe le comhartha ar an mbóthar ann chomh maith le dhá chrosaire comhréidh ar an mbóthar nach bhfuil comhartha ag gabháil leo. Tá an líne Dhearg 19.7 km ar fad, ag rith ó Theach Sagard go dtí The Point (Dughailte Bhaile Átha Cliath): Is iad tramanna Luas amháin a thaistealaíonn ar an mbóthar ar 60% den líne sin agus tá 41 crosaire chomhréidhe le comhartha ar an mbóthar ann.



3 Measúnacht ar Fheidhmíocht Shealbhóir an Dualgais ó thaobh na Sábháilteachta



Ba é 3.8 milliún cileamadar líon iomlán na gcileamadair a rith an LUAS in 2013, i gcomparáid le figiúr na bliana roimhe, 3.99 milliún km.

Chuir paisinéirí 30.5 milliún turas i gcrích in 2013 i gcomparáid le 29.4 milliún turas a chuir paisinéirí i gcrích sa bhliain roimhe

Taifeadadh na heachtraí seo a leanas maidir leis an tseirbhís do phaisinéirí i rith 2013:

- 38 miontionóisc a bhain le trácht ar bhóithre
- 8 mionteagmháil le duine den phobal (6 coisithe, 1 rothaí agus 1 duine ar ghluais-scútar)
- 1 iarracht le tramanna a chur trí thine
- Scrios tine 1 fheithicil chothabhála
- 1 tine faoi bhógaí tram
- Chlis ar thacaíocht do líne theagmhála lastuas aon uair & buaileadh 1 chuaille
- Scoilteadh 1 acastóir tram
- Chlis ar mháistir-rialaitheoir tram aon uair
- 24 cás ina ndeachaigh tiománaí tram thar chomhartha 'stad' gan údarás

Ba bheag nár dúblaíodh líon na dtionóiscí a bhain le trácht ar bhóithre ó 28 sa bhliain roimhe go 38. Is ar an Líne Dhearg a tharlaíonn formhór mór na dtionóiscí a bhaineann le trácht ar bhóithre. Bhí líon na n-eachtraí teagmhála le duine mórán mar a chéile. Cé gur tuairiscíodh roinnt gortuithe, níor aicmíodh aon chinn mar ghortuithe tromchúiseacha.

Bhí 446 cás ann inar cuireadh na coscáin ag obair chun freagairt d'éigeandáil, atá ag teacht leis an meánráta le trí bliana anuas. Bhí 48 cás ann inar baineadh mí-úsáide as an murlán éigeandála, agus ní raibh údar ach le trí chinn díobh sin. Tháinig laghdú suntasach ar líon iomlán na n-eachtraí mí-oird phoiblí agus loitiméireachta ó 3,047 sa bhliain roimhe go 2,300 sa bhliain 2013, go príomha mar gheall gur cuireadh isteach ar dhrong daoine a bhí ag cur isteach ar na meaisíní díolta ticéad.

3.4 Iarnróid Tionscail

Níor tuairiscíodh aon tionóiscí don bhliain 2013.

3.5 Iarnróid Oidhreachta

Níor tuairiscíodh aon iarnród oidhreachta aon eachtraí in 2013. Cé gur shásúil mar a d'fheidhmigh an earnáil ó thaobh na sábháilteachta de i gcoitinne, tá an CSI ag obair le roinnt oibríúchán iarnróid oidhreachta chun a gcuid caighdeán sábháilteachta a fheabhsú.

4 Rialachas Corparáideach agus Riarachán



4.1 Réamhrá

Déanann an rialachas corparáideach na córais agus nósanna imeachta lena ndéantar fiontair a stiúradh agus a rialú. Maidir leis sin, ghlac an Coimisiún an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, faoi mar atá foilsithe ag an Roinn Airgeadais, agus tá an Cód sin á chomhlíonadh ag an gCoimisiún.

4.2 Cúrsaí Airgeadais

Soláthraíonn an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt cuid dár maoiniúchán le Deontas-i-gCabhair agus tagann cuid dár maoiniúchán ó tobhach a chuirtear ar na gnóthais iarnróid. €0.68m a bhí i gceist leis an maoiniúchán ón Deontas-i-gCabhair in 2013. Bhain an CSI leas in 2008 as foráil alt 26(1) den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 agus rinne rialacháin chun tobhach a fhórchur ar gach ceann de na Gnóthais iarnróid. Déantar na rialacháin seo go bliantúil agus tá na rialacháin i gcomhair 2013 in Ionstraim Reachtuil Uimh. 68 de 2013. Tá feidhmiú an mhaoiniúcháin a fuarthas le trí bliana anuas léirithe thíos:

4.3 Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithníonn an CSI go bhfuil sé d'fhreagracht air a chinntiú go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais agus go gcoinnítear an córas sin ar bun. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú absalóideach a sholáthar go mbíonn sócmhainní á gcaomhnú, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go mbíonn dearmadaí á gcosc nó go mbrathfaí iad i dtréimhse tráthúil. Próiseas leanúnach is ea an obair le córas na rialuithe inmheánacha ar chúrsaí airgeadais a choinneáil ar bun agus déantar léirmheas go leanúnach ar éifeachtacht an chórais.

4.3.1 Próisis maidir le Cúrsaí Airgeadais a Rialú

Is í 2013 an t-ochtú bliain atá an CSI ar an bhfód. Bíonn próisis agus nósanna imeachta á n-athbhreithniú agus á bhforbairt go leanúnach againn lena chinntiú go rialaítear cúrsaí airgeadais inmheánacha go láidir. Tá roinnt beart sainaitheanta chun cabhrú linn é sin a chinntiú agus táthar tar éis céimeanna a ghlacadh chun na bearta sin a neadú sa CSI:

		2011 (€ milliún)	2012 (€ milliún)	2013 (€ milliún)
Buiséad	CSI	2.11	2.26	1.91
	AITI	0.68	0.57	0.60
	Iomlán	2.79	2.83	2.51
Deontas-i-gCabhair	CSI + AITI	0.99	0.89	0.86
Ceanglas an Tobhaigh	CSI	1.80	1.94	1.65
Aisiocaíocht an Tobhaigh c/f		-0.51	-0.76	0
Suim Ordú an Tobhaigh		1.29	1.18	1.65
Costais oibriúcháin	CSI	1.57m	1.72m	1.90m*
	AITI	0.46m	0.43m	0.62m*
	Iomlán	2.03m	2.15m	2.52m*
Feidhmiú GiA	CSI + AITI	0.53m	0.46m	0.25
		0.46m	0.43m	0.60
Feidhmiú an Tobhaigh	CSI	1.04m	1.18m	1.65
Aisiocaíocht an Tobhaigh c/f		0.76m	0	0

Rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ár gcountais i gcomhair 2012 a iniúchadh agus cheadaigh an tArd-Reachtair iad i mí Feabhra 2014.

* Faoi réir a iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

4 Rialachas Corparáideach agus Riarachán

- Freagrachtaí bainisteoirí a shainmhíniú go soiléir;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- Na prionsabail a ghlacadh maidir leis an rialachas corparáideach atá sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit;
- Ceanglais na hIníúcháireachta Inmheánaigh a chomhlíonadh ó thaobh comhairle a thabhairt don CSI maidir lena fhreagrachtaí don chóras um rialú inmheánach airgeadais a chomhlíonadh.

Deimhníonn an CSI go gcloítear le gach nós imeachta cuí maidir le cúrsaí airgeadais a thuairisciú, iniúcháireacht inmheánach a dhéanamh, cúrsaí soláthair agus sócmhainní a dhiúscairt.

4.3.2 Dualgais Chánach a Chomhlíonadh

Tá a chuid oibleagáidí cánach á gcomhlíonadh ag an CSI.

4.3.3 Taisteal agus speansais

Comhlíonann an CSI gach ciorclán ábhartha ón Roinn Airgeadais maidir le speansais taistil, chothaithe agus speansais ghaolmhara.

4.4 Tiomantas don Ghaeilge

Tá an CSI tiomanta do na codanna ábhartha d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur i ngníomh. Tá ár gcomharthaíocht agus stáiseanáireacht i nGaeilge agus Béarla araon faoi láthair.

4.5 Saoráil Fhaisnéise

Bhí an t-iar-rannán Cigireachta Iarnróid, ár réamhtheachtaí faoi scáth na Roinne Iompair, faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise. Táthar ag súil go gcuirfear an Coimisiún san áireamh i measc na n-eagraíochtaí atá faoi rialú an Achta seo faoin mbliain 2013. Idir an dá linn, táimid tiomanta do bheith ag déanamh de réir phrionsabail an Achta seo.

4.6 Cairt Chustaiméirí

Tugadh an Chairt Chustaiméirí cothrom le data in 2011 agus tá sé ar fáil ar shuíomh idirlín an CSI. Cuirtear síos sa Chairt seo ar an leibhéal seirbhíse gur féidir le custaiméir a bheith ag súil leis ón gCSI. Fuarthas aon ghearáin amháin maidir le seirbhís do chustaiméirí in 2013. Pléadh leis seo de réir ár nós imeachta. De bharr nach raibh an gearánaí sásta lenár bhfreagairt áfach, tá muid tar éis comhairliú dó dul i gcomhairle leis an Ombudsman faoin gceist anois.

4.7 Bainistíocht Rioscaí

Tá córas bainistíochta rioscaí i bhfeidhm ag an CSI chun súil a choinneáil ar na rioscaí is mó dá bhfuil ann dá ghnó.

4.8 Cód um Eitic agus Iompar Gnó

Tá Cód um Eitic agus Iompar Gnó i bhfeidhm don Choimisinéir agus don fhoireann ar fad agus táthar ag cloí leis.

4.9 Ráiteas Straitéise 2012-2014

Tháinig an CSI an tríú Ráiteas Straitéise dá chuid in 2012. Is í an cháipéis seo an Ráiteas Straitéise de chuid an Choimisiúin Sábháilteachta Iarnróid (CSI) a tháirgtear gach trí bliana, do na blianta ó 2012 go 2014. Is é cuspóir na cáipéise go gcuirfear tuiscint shoiléir i láthair na bainisteoireachta, na foirne, páirtithe leasmhara agus an phobail ar an treo straitéiseach atá á glacadh ag an CSI chun a chuid dualgas reachtúil a chomhlíonadh agus a chuspóirí ó thaobh cúrsaí gnó a bhaint amach. Ní chlúdaítear gníomhaíochtaí an Aonaid um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (AITI) leis an gcáipéis seo, toisc go bhfuiltear ag beartú go ndéanfar an tAonad a dheighilt ón CSI, ó thaobh an dlí de, a luaithe agus is féidir sa chaoi go gcomhlíonfar ceanglais de chuid an AE.

4.10 Suíomh Idirlín

Coinníonn an CSI suíomh idirlín gníomhach ar bun ag www.rsc.ie

5 Ag Breathnú Amach Romhainn

Is iad seo a leanas na réimsí a áireoidh an CSI mar chinn ar a ndíreofar aird ar leith agus é ag leanúint ar aghaidh lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh faoi reachtaíocht Eorpach agus Náisiúnta i rith 2014:

- Tacaíocht theicniúil leanúnach don RITS, i leith na rialachán, maidir le tionóiscí iarnróid a imscrúdú, a thabhairt chun críche lena chinntiú go mbeidh said comhchuibhithe le Treoracha ón AE.
- Dealú dlíthiúil an AITI ón CSI a chur i ngníomh sa chaoi go gcomhlíonfar cheanglais an AE go hiomlán
- Scileanna gairmiúla ag innealtóirí iarchéime á bhforbairt go leanúnach sa chaoi go gcinnteofar go mbeidh eolas agus scileanna teicniúla a bhaineann go sonrach le cúrsaí iarnóid ar fáil laistigh den CSI.
- Próisis agus nósanna imeachta a fhorbairt tuilleadh de réir cheanglais ISO 17020 go mbeidh ar chumas an CSI creidiúnú a bhaint amach in 2014.
- Measúnacht ar an gcomhréireacht, ar chóras bainistíochta sábháilteachta Balfour Beatty Rail Ireland, a chur i gcrích chomh maith le BBRI a dheimhniú ó thaobh na sábháilteachta ina dhiaidh.
- Tabhairt faoi athbhreithniú cuimsitheach ar na rioscaí a bhaineann le córais chomharthaíochta agus teileachumarsáide reatha iarnród Éireann
- Deimhniú ECM a chur i ngníomh de réir a chéile le haghaidh chabhláí uile ghluaistearaí iarnród Éireann agus do phaisinéirí
- Idirghníomhú leanúnach leis an nGníomhaireacht um Fháil Iarnród maidir leis na hoibreacha nua a mheasúnú do leathnú Traschathrach an LUAS
- Measúnacht ar an gcomhréireacht a dhéanamh ar chórais bhainistíochta sábháilteachta a chuireann gach ceann de na hiarnróid oidhreacht féinchoinnithe faoinár mbráid, chomh maith leis na heagraíochtaí sin a dheimhniú ó thaobh na sábháilteachta de ina dhiaidh;
- Comhoibriú leis an RITS maidir le reachtaíocht a leasú agus feidhmeanna a fhorbairt leis an earnáil iarnróid a rialáil ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta chun Treoracha ón AE a chomhlíonadh.

Beidh cuspóir ghníomhaíochtaí uile an CSI i rith 2014 de réir a mhisin **“Sábháilteacht na n-iarnród in Éirinn a thabhairt ar aghaidh trí mhaoirseacht agus forfheidhmiúchán díograiseach”**.



Aguisín 1

Aguisín 1: Staitisticí Iarnród Éireann maidir le Cúrsaí Oibriúcháin agus Bonneagair 2003-2013

Bliain	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	2010	2011	2012	2013
Foireann	5,833	5,590	5,462	5,114	4,933	4,845	4,499	4,254	4125	4063	3768
Km Traenach na bpaisinéirí	12,245,000	11,777,000	13,034,000	14,505,000	16,060,000	18,044,657	16,190,950	16,582,606	17,008,042	17,339,870	16909702
Km Traenach lastais	2,705,000	3,350,000	4,953,000	3,737,000	772,000	1,034,173	946,374	341,954	360,299	355,311	531643
Km Traenach Iomlána	14,950,000	15,217,000	17,987,000	18,242,000	16,832,000	19,918,501	18,182,358	17,691,837	18,066,007	18,392,846	18270014
Turas Paisinéirí san Iomlán	35,558,000	34,550,000	37,653,000	43,350,000	45,513,000	44,646,000	38,800,000	38,225,000	37,375,000	36,919,000	37,131,000
Milliún paisinéirí -km iomlána	1,601	1,582	1,781	1,872	2,007	1,976	1,681	1,678	1,639	1,583	1,568
Km Bealaí	-	-	-	1657	1657	1657	1665	1683	1683	1683	1683
Km Rianta	-	-	-	2110	2110	2110	2141	2165	2165	2165	2165
Crosairí comhréidhe	-	-	-	1171	1126	1095	1069	1050	1018	1040	1011



Aguisín 2: Eachtraí agus Gortuithe ar Iarnród Iarnród Éireann 2003-2013

Bliain	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	2010	2011	2012	2013
Oibríocháin iarnróid: gortuithe marfacha do phaisinéirí											
Gortú marfach do phaisinéir de bharr tionóisce traenach, ní ag crosaire comhréidh	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach do phaisinéir de bharr tionóisce traenach ag crosaire comhréidh	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach do phaisinéir ag taisteal ar thraein, seachas i dtionóisc traenach	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach do phaisinéir ag iarraidh dul isteach nó amach as traein	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Bonneagar Iarnróid: gortuithe marfacha do thríú páirtí											
Gortú marfach a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus a bhain le traein	-	1	-	-	1	1	-	2	-	-	-
Gortú marfacha a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus nár bhain le traein	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Oibríocháin iarnróid: gortuithe marfacha d'fhostaithe											
Gortú marfach d'fhostaí ag crosaire comhréidh de bharr traein a bheith ag gluaiseacht	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach d'fhostaí de bharr traein a bheith ag gluaiseacht (seachas ag crosaire comhréidh)	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach a bhain d'fhostaí agus nár tharla de bharr traein a bheith ag gluaiseacht	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Bonneagar Iarnróid: gortuithe marfacha d'fhostaithe											
Gortú marfach d'fhostaí ag crosaire comhréidh de bharr traein a bheith ag gluaiseacht	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach d'fhostaí de bharr traein a bheith ag gluaiseacht (seachas ag crosaire comhréidh)	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach a bhain d'fhostaí agus nár tharla de bharr traein a bheith ag gluaiseacht	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Oibríocháin iarnróid: gortuithe marfacha do dhaoine eile											
Gortú marfach de bharr traein a bheith ag gluaiseacht agus nár tharla ag crosaire comhréidh	-	-	-	-	1	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach do chustaiméir nó do chuairoteoir, gan baint ag aon traein leis	-	-	-	-	1	-	-	-	-	-	-
Gortú marfach a bhain le traein a bhí ag gluaiseacht ar iarnród nó ar chrosaire comhréidh lenar tugadh le fios gur foghail nó bás amhrasach a bhí i gceist	10	11	8	7	5	8	3	8	7	5	4
Oibríocháin iarnróid: Gortuithe neamh-mharfacha do phaisinéirí											
Gortú do phaisinéir ag taisteal ar thraein, ní ag crosaire comhréidh	-	-	12	-	-	-	2	-	-	-	-
Gortú do phaisinéir ag taisteal ar thraein de bharr tionóisce traenach ag crosaire comhréidh	-	1	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Gortú do phaisinéir a bhí ag iarraidh dul isteach nó amach as traein	69	65	48	55	50	43	17	64	46	41	39
Gortú do phaisinéir a bhí ag taisteal ar thraein, seachas i dtionóisc traenach	66	70	73	41	35	22	40	28	10	27	43
Bonneagar Iarnróid: Gortuithe neamh-mharfacha do thríú páirtí											
Gortú a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus a bhain le traein	-	-	-	-	1	-	-	-	1	2	-
Gortú d'úsáideoir crosaire comhréidh nár bhain le traein	-	3	4	-	1	1	1	-	2	5	1
Bonneagar Iarnróid: Gortuithe neamh-mharfacha do dhaoine eile											
Gortú do chustaiméir nó do chuairoteoir ar áitreabh	84	71	74	72	70	54	56	85	113	116	193
Gortuithe do dhaoine eile, daoine neamhúdairithe san áireamh	2	1	1	-	1	-	-	-	-	5	3
Oibríocháin iarnróid: gortuithe neamh-mharfacha d'fhostaithe											
Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach	12	7	4	15	7	8	13	11	7	13	5
Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/dí a bheith ag obair ar an iarnród ach nár tharla de bharr traein a bhí ag gluaiseacht	54	70	62	38	36	37	31	27	22	32	39**
Bonneagar Iarnróid: gortuithe neamh-mharfacha d'fhostaithe											
Gortú a bhain d'fhostaí agus a bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach	-	1	-	-	1	1	-	1	2	1	-
Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/dí a bheith ag obair ar an iarnród ach nár tharla de bharr traein a bhí ag gluaiseacht	55	48	38	31	42	42	34	30	23	32	41
Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/dí a bheith ag obair ag crosaire comhréidh ach nár tharla de bharr traein a bhí ag gluaiseacht	2	-	1	2	4	-	-	-	-	1	1
Aonán i gceannas ar an gcothabháil agus ar cheardlanna chothabhála: gortuithe neamh-mharfacha d'fhostaithe											
Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach	-	1	1	-	-	-	1	-	-	-	-
Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/dí a bheith ag obair ar an iarnród ach nár tharla de bharr traein a bhí ag gluaiseacht	48	43	38	30	36	27	21	10	18	10	14

Aguisín 2: Eachtraí agus Gortuithe ar Iarnród Iarnród Éireann 2003-2013

Bliain	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	2010	2011	2012	2013
Oibriúcháin iarnróid: Eachtraí a tharla ar thraenacha											
Traein a cuireadh de ráilí ar líne reatha nó traen a cuireadh de ráilí ar líne reatha agus a chuir isteach ar líne reatha	12	5	5	9	7	3	3	1	-	1	-
Traein imithe de na ráilí agus í sealbhaithe ag an rannóg innealtóireachta ar líne reatha (agus traenacha a d'imigh de na ráilí agus iad á sealbhú freisin)	4	1	2	4	1	2	1	1	-	-	1*
Traenacha a d'imigh de na ráilí i dtaobhlach de chuid IÉ	58	46	19	16	8	12	4	14	4	4	1
Traenacha a d'imigh de na ráilí i dtaobhlach príobháideach	6	4	4	3	4	-	4	2	2	1	-
Imbhualadh traenach le traen phaisinéirí nó traen earraí ar líne reatha	-	-	-	1	-	-	-	-	-	-	-
Imbhualadh traenach/feithicle iarnróid agus í ag gluaiseacht ag stáisiún nó á gluaiseacht le sealbhú	2	-	1	1	-	1	1	-	-	1	1*
Imbhualadh traenach le mótarfeithicil ag crotaire comhréidh	1	2	2	1	4	4	-	2	1	2	1
Imbhualadh traenach le coisí ag crotaire comhréidh	-	-	-	-	1	-	-	1	-	-	-
Imbhualadh traenach le geataí faoi fhreastal ag crotaire comhréidh	2	4	2	2	2	1	-	1	-	-	-
Imbhualadh traenach le mótarfeithicil a bhí ag bacadh na líneach (ní ag crotaire comhréidh)	2	-	-	-	-	-	-	-	-	1	-
Imbhualadh traenach le hainmhí nó ainmhithe móra ar an líne	43	40	42	43	42	33	20	24	35	26	29
Imbhualadh traenach le constaic eile ar an líne	4	10	8	5	9	17	10	1	7	6	7
Traein dulta thar phríomhchomhartha contúirte sa chás gur tugadh rabhadh in am	32	29	36	25	22	12	18	14	4	7	16
Traein dulta thar phríomhchomhartha contúirte sa chás gur tugadh rabhadh in am	19	12	9	9	10	10	5	8	2	1	2
Oibriúcháin iarnróid: Eachtraí a bhain le rothstoc											
Dóiteán nó deatach ar ghluasteoir nó ar rothstoc eile	9	11	8	13	27	13	6	9	8	4	10
Traein a scoilteadh ina dhá leath agus í ag rith	1	-	3	-	1	1	1	-	-	1	-
Eachtra a tharla maidir le doras rothstoic	3	-	-	1	11	4	1	1	2	1	8
Cliseadh ar acastóir rothstoic nó ar imthaca acastóra	-	-	-	-	-	1	-	-	2	-	-
Eachtraí ó thaobh Bonneagair de											
Ráille Briste ar línte reatha do thraenacha paisinéirí	3	1	6	4	1	2	2	4	2	1	1
Ráille Briste ar líne do thraenacha lastais amháin nó i dtaobhlach	4	1	-	1	-	1	2	-	-	1	2
Lioscán briste nó scoilte	511	254	380	332	358	187	160	109	42	88	49
Mí-ailíniú nó lúbadh sa rian	6	-	1	5	1	-	3	1	-	4	3
Fabht ultrasonach d'Aicme 1	81	35	31	29	21	27	47	41	2	5	15
Bhuail mótarfeithicil droichead faoin iarnród	137	123	203	194	140	86	98	92	90	61	72
Bhuail mótarfeithicil uchtbhalla droichid os cionn an iarnróid	6	13	12	23	40	26	16	14	15	11	22
Sciarradh talún nó teip ar na struchtúir a chuaigh i bhfeidhm ar oibriúcháin	2	-	4	10	4	-	11	3	-	4	8
Geata nó bacainn ag crotaire comhréidh ar bhuail mótarfeithicil faoi nó fúithi	12	35	18	21	37	24	23	31	17	15	25
Mótarfeithicil ar bhuail bacainn ag crotaire comhréidh fúithi	12	20	12	8	6	4	5	7	4	4	6
Líon iomlán na gcásanna dóiteáin i bhfoirgnimh	2	-	-	-	9	3	5	2	2	1	6

Aguisín 3

Aguisín 3: Staitisticí LUAS

Staitisticí oibriúcháin agus tionóiscí Iarnród Éadrom Bhaile Átha Cliath 2005-2013

Bliain	2005	2006	2007	2008	2009	2010	2011	2012	2013
Km Tram (míle míle)	2,500	2,661	2,751	2,744	2,695	3,082	3860	3990	3880
Tionóiscí Tráhta Bóithre (TTB)	36	24	28	32	23	30	30	24	38
Theagmhaigh duine leis an tram	8	21	18	20	18	22	13	7	8
Imbhualadh idir tramanna	1	-	-	-	-	-	-	-	-
Cuireadh de na ráillí in iosta	4	-	3	1	-	-	-		
Cuireadh de na ráillí ar an bpríomhlíne	1	1	-	-	1	2	-	-	-
Gortú eile						1	-	-	-
- Garchabhair	5	1	3	1	5	2	1	-	1
- Cóir leighis	10	9	11	4	20	15	9	7	12
- Cúram Ospidéal	2	2	2	1	4	3	1	-	-
- Bás	-	-	-	1	-	-	1	1	-
Líon Iomlán na nGortuithe	17	12	16	7	29	20	12	8	13
Murlán Éigeandála	14	20	22	43	108	41	103	95	48
Coscán Éigeandála	946	747	540	435	350	374	478	414	446
Dulta thar chomhartha contúirte								30	24
Doras oscailte ar an taobh mícheart		9	4	2	3	2	1	1	4
Foghlai ag taisteal ar an taobh amuigh de thram			9	8	33	25	13	10	

(- ciallaíonn 'Nialas')

Nóta: Ba é 2005 an chéad bhliain iomlán a raibh LUAS i bhfeidhm lena linn.

Aguisín 4

Aguisín 4: Ceaduithe arna ndeonú ag an CSI in 2013

Tionscadail ó thaobh Bonneagair de	Céim an Tionscadail			
	Coincheap	Dearadh Tosaigh	Dearadh Mionsonraithe	Coimisiúnú na hOibríochta
Uasghrádú ar Uchtbhallaí Droichid — Líne Bhaile Átha Cliath - Shligigh & Phort Láirge-Ros Láir		✓	✓	
Órán Mór — Stáisiún Nua, líne ó Bhaile Átha Cliath – Gaillimh				✓
Athfhorbairt ar Stáisiún na bPiarsach	✓			
Seachbhealach Thrá Lí — Tardhroichead nua		✓		
Baile Átha Luain – Tardhroichead nua ag Carraig an Chaisleáin				✓
Líne Mhá Nuad— tardhroichead nua le cois Chroaire Comhréidh Uí Raghallaigh				✓
Córas comharthaíochta hibrideach laistigh den chabán				✓

Tionscadail ó thaobh Rothstoic de	Céim an Tionscadail				
	Coincheap	Dearadh Tosaigh	Dearadh Mionsonraithe	Tástáil & Coimisiúnú	Seirbhís
Iarnród Éireann — Vaigín Tástála Ultrasonach					✓
Iarnród Éireann — Oibriúcháin 2 charr ar an DART a thabhairt isteach					✓
Iarnród Éireann — Veaineanna Leictreacha Mk3 a Thiontú					✓
Iarnród Éireann — Múnlaíthe solúbtha Carranna Iarnróid Idirchathrach					✓
Gníomhaireacht um Fháil Iarnród— Feithicil Ghiantacháin ar Bóithre do líonra LUAS				✓	
Iarnród Oidhreacht Phort Láirge & Ghleann na Siúire – Gluaisteoir Uimh. 4					✓

Aguisín 5 – Súil ar an bhFuinneamh a Úsáideadh in 2013

Súil ar an bhFuinneamh a Úsáideadh in 2013

In 2013, d'ídigh an Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid 138,325 kWh den fhuinneamh in ár bhfoirgneamh, Teach Trident, mar seo:

- 43575 kWh leictreachais;
- 94750 kWh gais.

Gníomhartha a Rinneadh in 2013

Thug an CSI faoi roinnt tionscnamh in 2013 chun ár bhfeidhmíocht ó thaobh fuinnimh de a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Cinntiú go gcastar gach trealamh as ag deireadh an lae
- Gach ball den fhoireann a spreagadh leis an méid fuinnimh a ídíonn iad a laghdú

Gníomhartha atá Pleanáilte do 2014

In 2014, tá sé i gceist ag an CSI ár bhfeidhmíocht ó thaobh fuinnimh a fheabhsú tuilleadh trí bheith ag tabhairt faoi na tionscnaimh seo a leanas:

- Feasacht na foirne a choinneáil ar bun maidir le fuinneamh a ídiú agus bealaí le méid an fhuinnimh a ídítear a laghdú.
- Leanúint ar aghaidh le bheith ag déanamh monatóireacht ar mhéid an fhuinnimh a ídítear agus bealaí nua a lorg chun an méid fuinnimh a ídímid a laghdú.